Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Léann Clasaiceach

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara i gcás an Ardleibhéil, nuair a bhíonn anailís, measúnú, trácht nó plé ag teastáil i gceisteanna, nach mór d'iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar an ngné sin den cheist agus nach leor cuntas a thabhairt ar an scéal amháin. Bronnfar marcanna éigin as eolas a thaispeáint nach n-úsáidtear chun an cheist a fhreagairt go díreach, ach ní bhronnfar marcanna arda as.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le ceisteanna dioscúrsacha a mheas áit a bhfuil caoga marc á dtabhairt as freagra domhanda le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

# Scéim Mharcála M87

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

Cé gur féidir le hiarrthóirí taobhú níos mó le rogha amháin seachas an ceann eile, **nó** an dá rogha a thabhairt san áireamh ar an gcothrom, ní mór go mbeidís ábalta bonn taca a chur lena dtuairim trí thagairt don téacs. Is féidir roinnt pointí ginearálta a chur ar aghaidh ar son an daonlathais. Bhí ar chumas an Chomhthionóil Peiricléas a thoghadh bliain i ndiaidh bliana ina ghinearál, an té ba chumasaí agus ba neamhleithleasaí de mhuintir na hAithne. Daonlathas faoi cheannaireacht a príomhshaoránaigh an cur síos a thugann Túicídidéas ar an Aithin. Is féidir a rá chomh maith gur dhaonlathas iomlán (taobh amuigh de na mná a choinneáil amach) a bhí i gcóras na hAithne. Bhí de cheart ag gach saoránach fir páirt a ghlacadh sa díospóireacht agus vóta a chaitheamh mar gheall ar gach socrú agus tugadh an deis sin dó. Chothódh sin an meon cur go dlúth le chéile. Ar an taobh eile den scéal, tharlaíodh ó am go chéile gur dhona an stiúir a bhíodh faoin gComhthionól agus gur le teann sainte, aineolais agus amadántaíochta a d'oibrítí. Tá siad seo a leanas i measc na n-imeachtaí is fearr a léiríonn buanna agus laigí dhaonlathas na hAithne:

- An socrú maidir le glacadh le muintir Choircíora i gcomhghuaillíocht chosanta
- Díospóireacht Mhitiléiné inar léiríodh idir dhea-thréithe agus ghnéithe contúirteacha an Chomhthionóil
- Diongbháilteacht chun coinneáil ar aghaidh in ainneoin anachaine agus tubaiste
- Ionchúiseamh Pheircléas
- Is léir ó chás Phulas agus Sfaictéiria go raibh deighilt agus grúpaí freasúra ag teacht chun cinn cheana féin sa Chomhthionól (Cléón – Nicias; Nicias – Alcaibiaidéas a bhí i gceist ina dhiaidh sin)
- An tSluaíocht chun na Sicile – beart místuama nuair a chuir an Comhthionól iallach ar Nicias a bheith ina chomhcheannaire, agus ba chontúirteach ina dhiaidh sin glacadh leis an socrú níos mó fórsaí a chur chun bealaigh ná mar a beartaíodh ar dtús. Ina theannta sin, rinne an Comhthionól neamhaird dá iarratas chun éirí as an tsluaíocht níos faide anonn.
- Tarraingíodh an Comhthionól ó chéile sa deireadh mar gheall ar na heachtraí a tharla anuas go dtí Coup na nOlagarcach agus lena linn, rud a d'fhág lag gan mhaith é.
- D'fhéadfaí a rá gur oibrigh an daonlathas go maith nuair a bhí ceannairí maithe ar fáil agus meas ag na saoránaigh orthu.

Bheifí ag súil leis nach roghnódh na hiarrthóirí ach dornán de na samplaí sin. Ní mór dóibh an chaoi ar imir feidhmiú dhaonlathas na hAithne tionchar ar chúrsa an chogaidh sna cásanna sin a chur in iúl go soiléir, áfach.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(ii)

(a) Ba chuid de phlean na nAithneach chun smacht a fháil ar an mBéóitia arís é gabháil Delium. Tearmann i gcríoch na mBéóitiach ba ea í inar chuir na hAithnigh a gcuid fórsaí agus iad réidh le haghaidh a thabhairt ar an Téibh go háirithe, a bhí ar cheann de na deargnaimhdí a bhí acu. San óráid a thug sé roimh an gcath, dúirt Hipeacraitéas dá mbeadh an bua acu nach bhféadfadh muintir na Béóitia ionsaí a dhéanamh ar a dtalamh feasta.
**Dhá chúis agus iad mínithe. (10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Shroich ginearál na hAithne, Hipeacraitéas, Delium agus rinne sé é a dhaingniú le díog, créfoirt agus túir adhmaid. Idir an dá linn bhí na Béóitiaigh ag tarraingt ar Delium agus cinneadh le déanamh acu – an leanfaidís ar aghaidh leis an ionsaí? Bhí fonn catha ar a bpríomhcheannasaí – Pagondas na Téibhe. Thug sé óráid spreagúil dá chuid fear inar ghríosaigh sé iad chun ionsaí a dhéanamh ar na hAithnigh. Bhí na hAithnigh tar éis bunáit fhoirfe a thógáil le haghaidh ionsaí a dhéanamh ar an mBéóitia. D'áitigh sé go n-éireodh na hAithnigh misniúil dá bhfanfaidís éighníomhach. Chuir sé ina luí ar a chuid fear gurbh fhearr dóibh ionsaí a dhéanamh agus rinneadh siad amhlaidh. Thug Hipeacraitéas aghaidh orthu. D'fhág sé 300 fear in Delium d'fhonn an áit sin a chosaint. Bhí 7,000 hoiplíteach, chomh maith le 10,000 trúpa faoi bheagán arm, ag na Téibhigh. Bhí siad cúig dhuine is fiche ar doimhneacht. Bhí na hAithnigh ochtar fear ar doimhneacht agus bhí marcra ar na sciatháin acu. Ní raibh aon trúpa faoi bheagán arm acu. Bhí níos mó fear acu ach ní raibh siad armtha chomh maith céanna. Thug Hipeacraitéas óráid spreagúil ach rinne na Béóitiaigh ionsaí orthu lena linn. Thug na taobhanna aghaidh ar a chéile. Chuir baic uisce isteach ar na sciatháin. Chloígh na hAithnigh sciathán clé na mBéóitiach. Rinne siad an-dochar dóibh, go háirithe don dream ón Thespiae. Mharaigh cuid de na hAithnigh roinnt dá gcuid fear féin trí thimpiste le linn an bhabhta sin. Fuair na Téibhigh an lámh in uachtar ar na hAithnigh ar an sciathán deas agus bhrúigh siad siar iad. Rinne Pagondas gníomh ríthábhachtach – chuir sé dhá scuadrún marcra timpeall an chnoic as radharc na nAithneach agus tháinig scanradh orthu nuair a chonaic siad iad. Theith arm iomlán na hAithne. Chuathas sa tóir orthu agus maraíodh cuid acu, ach tháinig teacht na hoíche i dtarrtháil ar mhórán acu.

**Cuntas comhleanúnach. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(c) Ina dhiaidh sin, d'fhógair na Béóitiaigh gur bhris na hAithnigh dlí naofa de bharr an teampall a ghabháil. Dhiúltaigh siad corpáin na hAithne a thabhairt ar ais dóibh. Fuair na Béóitiaigh trúpaí breise ón gCoraint. Rinne siad ionsaí ar Delium le hinneall áirithe lenar bhain coire a bhí líonta le gual, sulfar agus pic. Bhain siad leas as chun tearmann na nAithneach a chur trí thine. Fuair thart ar 1,000 Aithneach bás sa chath lenar áiríodh an ginearál Hipeacraitéas.

**Pointe forbartha amháin.** **(10 marc)**

(iii)

(a) Tá siad seo a leanas i measc na n-eachtraí a thug ar Alcaibiaidéas taobhú le Sparta: Óráid Nicias a rinne cur síos air mar dhuine leithleach taibhseach agus “go gcuirfeadh sé an Stát i mbaol ionas go mbeadh saol den scoth aige féin”; thosaigh sé ag scanrú daoine toisc gur chosúil nach raibh sé go hiomlán aige féin agus gur chosúil go raibh sé sa tóir ar dheachtóireacht; bhain sé leas as a chuid airgid ar mhaithe leis an nglóirmhian trí fhoirne carbaid ag na Cluichí Oilimpeacha agus tríd an urraíocht ar chóir; mhionnaigh sé nach raibh baint aige le scriosadh na Hermae, ach sháraigh fiántas a shaoil phríobháidigh é i ndeireadh na dála. Chuaigh Alcaibiaidéas chun na Sicile ach sa bhaile bhí ráflaí faoi á scaipeadh go fairsing ag a chuid naimhde, agus bhí an pobal trína chéile tríd is tríd. Ar deireadh glaodh ar ais ar a thriail é i long a sheol an chathair. Ach thaisteal sé ina long féin agus a chúl tugtha aige don namhaid, Sparta, tríd an Iodáil.

**Cuntas comhleanúnach ar na himeachtaí. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(b) Áirítear leis an gcomhairle a chuir sé ar na Spartaigh maidir leis an gcogadh: gan a bheith in amhras faoi mar gheall ar na rudaí a rinne sé san am a bhí thart agus a chur i gcuimhne dóibh go raibh a theaghlach i bhfabhar na Spartach riamh anall. Dúirt sé freisin gurbh é aidhm na nAithneach an domhan iomlán Heilléanach a chloí sa deireadh, agus go dtabharfaí aghaidh ar an tSicil a chéaduair. Dúirt sé nár mhór do Sparta cúnamh a thabhairt don tSicil d'fhonn bac a chur ar an Aithin an uaillmhian sin a bhaint amach. Dá dtitfeadh Sioracús, thitfeadh an tSicil ar fad agus thitfeadh cathracha eile na hIodáile ina dhiaidh sin, dar leis. Dúirt sé leis na Spartaigh fórsa hoiplíteach a chur amach a bhí in ann rámhaíocht agus aghaidh a thabhairt ar an láthair chatha faoi stiúir ceannasaí maith. Ghríosaigh sé iad freisin le bheith níos oscailte agus iad i mbun cogaidh sa Ghréig. Dúirt sé leo Decelea a dhaingniú, rud a chuirfeadh an-fhaitíos go deo ar na hAithnigh. Chaillfidís siad a n-ioncam ó na mianaigh airgid in Laurium chomh maith le cíos a gcomhghuaillithe. Thug sé údar lena chinneadh chun dul i gcoinne a chathrach féin agus dúirt sé leis na Spartaigh gur cheart dóibh éisteacht leis agus go rachadh a bhfeachtas sa tSicil chun leasa dóibh amach anseo.

**Trí phíosa comhairle. (5, 5, 5.) (15 mharc)**

(c) Is dócha go leagfaidh bunús na n-iarrthóirí béim ar ghníomhartha scannalacha dána Alcaibiaidéis. A gháifeacht agus é ag sásamh an phobail sular imigh sé, eachtra na Hermae agus a thaobhú leis an namhaid; a mhíniú leithleasach do na Spartaigh maidir lena thuairim den Aithin, an chaoi ar dhiúltaigh sé dá gcineál daonlathach rialtais agus an chaoi ar mhaígh sé gur chosain sé é agus, thar aon ní eile, a mhídhílseacht, a dhíomas agus a fhéinmhuinín uafásach sa tslí a raibh sé sásta feall a dhéanamh ar a chathair ar son an namhad ar mhaithe leis féin. Ar ndóigh tig leis na hiarrthóirí breathnú air sin ar bhealach eile – go bhfuil meas acu ar a fhíordhánacht, ar a chumhachtaí iontacha áitithe agus ar an gcumas teacht slán a bhí aige.

**Pointe amháin a dtacaítear leis. (10 marc)**

(iv)

(a) San áireamh i ngníomhréim Dhéamastainéas sa Chogadh bhí bua ollmhór i gcoinne Sparta i bPulas sa bhliain 425 R.Ch. Shéid stoirm an cabhlach Aithneach i dtír agus iad ar a mbealach chun cúnamh a thabhairt do Choircíora. Thug a nginearál, Déamastainéas, (agus é ar intinn aige dul ansin ar aon nós), ordú dóibh an leithinis a dhaingniú. Ní raibh na ginearáil eile, ná na fir fiú, sásta lena phlean. D'éirigh siad dubh dóite, áfach, agus shocraigh siad a chuid orduithe a chomhlíonadh. Sheol an cabhlach Spartach ina raibh 43 tríréim i dtreo Phulas, áit a raibh Déamastainéas lonnaithe. Bhí cúig thríréim agus thart ar 600 fear aige – hoiplíteach ba ea 90 acu. Chuir sé dhá long dá chuid chun na nAithneach d'fhonn iad a chur ar an eolas faoi méid a bhí ag titim amach. Chuir sé formhór a bhfear ar thaobh na talún den cheann tíre. Ní raibh ach líon beag fórsaí aige ach sheas siad go cróga in aghaidh na Spartach san áit ar shíl sé go dtiocfaidís isteach agus níor cloíodh iad amach is amach dá thoradh sin. Tharraing Déamastainéas na tríréimí i dtír, thóg sé sonnach mórthimpeall orthu agus thug sé drochsciatha sailí dá mhairnéalaigh. Tháinig 40 hoiplíteach as Messenia ina chuideachta agus shuigh sé an fórsa os comhair na talún amach. Chuaigh sé féin agus an 40 hoiplíteach síos chuig an bhfarraige chun cosc a chur ar na Spartaigh teacht i dtír. Thug sé óráid spreagúil dá fhir, á thathant orthu gan eagla a bheith orthu roimh na naimhde a bhí níos líonmhaire ná iad féin.  Bhí an-deacracht ag na Spartaigh faoi cheannas Bhrasadais teacht i dtír ar an gcósta carraigeach. D'ullmhaigh na Spartaigh iad féin le haghaidh léigir sa deireadh. Tháinig cabhlach na hAithne ó Zacynthus ina dhiaidh sin. Níor chuir na Spartaigh an cuan faoi imshuí agus, mar sin de, bhí na hAithnigh in ann seoladh isteach. Chloígh siad na Spartaigh agus chuir siad os cionn 400 acu faoi imshuí (mórán acu a bhain le huasaicme Sparta) ar oileán Sfaictéiria in aice láimhe. Fuair siad seilbh ar an gcabhlach Spartach. Bhí sé ar intinn ag Déamastainéas i dtús báire na Spartaigh a dhíbirt leis an ocras ach lean sé sin ar aghaidh rófhada; d'áitigh na Spartaigh ar a gcuid Héalótaí dul sa seans chun soláthairtí a fháil dóibh. Tar éis do thine cuid mhór den oileán a nochtadh, chinn Déamastainéas ar na Spartaigh a ionsaí. Tháinig sé sin aniar aduaidh orthu agus maraíodh cuid mhór acu. Sheas siad an fód ar cheann thuaidh an oileáin ach, faoi cheannas ginearáil as Messenia, rinneadh ionsaí ar na Spartaigh ar dhá thaobh agus ní raibh siad ábalta coinneáil lena gcosaint. Tar éis dul i gcomhairle le Sparta, ghéill siad do Chléón agus do Dhéamastainéas. Bhí 292 acu fágtha. Baineadh siar as an saol Gréagach. Bua ollmhór ba ea é don Aithin.

Bhí Déamastainéas i gceannas ar ionsaí ar an mBéóitia sa bhliain 424 R.Ch. Bhraith duine as Phocis pleananna Dhéamastainéas agus b'éigean dó tarraingt amach. Tháinig sé sa deireadh agus ghlac sé páirt i gCath Delium i gcuideachta Hipeacraitéis, cath ina bhfuair na Béóitiaigh an lámh in uachtar ar na hAithnigh.  Chuir sé a ainm le Síocháin Nicias sa bhliain 421 R.Ch. Thit an tSluaíocht chun na Sicile amach idir 415 agus 413 R.Ch. Bhí Déamastainéas ar cheann de na ginearáil a cuireadh amach tar éis do Nicias, é tinn agus lagmhisneach air faoin am seo, iarraidh ar an Aithin éirí as an tsluaíocht.  Tháinig Déamastainéas agus Eurymedon ina dhiaidh sin. Bhí 73 long agus 5,000 hoiplíteach acu. Rinneadh ionsaí ar an gcabhlach láithreach bonn ina raibh roinnt caillteanas le sonrú. Thit cath amach ar an Epipolae ina dhiaidh sin. Thug Déamastainéas faoi chomhrac oíche contúirteach. Rinne sé bearna i mballa Shioracús ach chloígh arm Béóitiach é. Maraíodh a lán Aithneach. Léim cuid acu le haill. Mhol Déamastainéas ansin gur chóir do na fórsaí sa tSicil dul abhaile agus díriú ar chosaint

na hAtaice. Cuireadh ina luí ar Nicias é sin a dhéanamh sa deireadh ach d'athraigh urú na gealaí a intinn agus d'fhan siad. Rinne an ginearál Spartach, Gylippus, ionsaí ina dhiaidh sin agus d'éirigh go geal leis. I dteannta na Spartach, chuir siad na hAithnigh faoi imshuí laistigh den chalafort. Bhí cath cabhlaigh amháin eile ann – ba é Déamastainéas an ceannasaí Aithneach i dteannta beirt eile. Bhí na longa Aithneacha i mullach a chéile agus b'éasca ionsaí a dhéanamh orthu. Chloígh an namhaid iad. D'imir siad cleas orthu freisin, cleas a chuir moill ar a n-éalú ar talamh. Faoi stiúir Dhéamastainéas, scaradh timpeall 6,000 acu ó Nicias, ionsaíodh iad agus b'éigean dóibh géilleadh. Gabhadh trúpaí Nicias freisin agus maraíodh an chuid ba mhó acu. Coinníodh 7,000 príosúnach Aithneach sna cairéil cloiche i Sioracús. Cuireadh Déamastainéas agus Nicias araon chun báis (in éadan thoil Gylippus).

**Cuntas comhleanúnach ar ról Dhéamastainéas. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. I measc na bpointí ina fhabhar d'fhéadfaí an ról a bhí aige i bPulas a lua, áit inar léirigh sé críonnacht agus crógacht chun ionad a ionsaí a bhí aitheanta mar láthair thábhachtach aige, agus an ceart ar fad aige. A bhuíochas dá intinn ghéar, cinntíodh gur tháinig an cabhlach Aithneach in am chun cuidiú leo na Spartaigh a chloí. De thoradh a straitéise cliste, bhíothas ábalta leas iomlán a bhaint as a chuid acmhainní an-teoranta sular tháinig an cabhlach, rud a lig do na hAithnigh na Spartaigh a choinneáil siar cé go raibh i bhfad níos mó fórsaí acusan. Ba léir go raibh sé fíorspreagúil maidir leis an rath a bhí ar a líon beag trúpaí an babhta sin. D'éirigh thar barr lena ionsaí cróga ar Sfaictéiria agus thug sé sin buntáiste mór do na hAithnigh sna blianta beaga ina dhiaidh sin sa chogadh.

Bhí a chuid comhairle sách stuama ar an mórgóir maidir leis an tSicil. Tuigeadh dó nach raibh mórán tairbhe le baint as an tsluaíocht agus d'iarr sé ar Nicias imeacht. Rinne sé bearna i mballa Shioracús le linn ionsaí contúirteach istoíche. In aghaidh: Níor éirigh chomh maith sin leis in Delium, ach ní féidir a rá an airsean a bhí an locht ar fad as an méid sin. Bhain Pagondas sochar as beartaíocht ní b'fhearr agus bhí an gléas caite lasrach a d'úsáid an namhaid thar a bheith cinniúnach. Sa tSicil, cé go ndearna sé a dhícheall a chur ina luí ar Nicias gur cheart dó imeacht, níor éirigh leis. Cloíodh é san ionsaí oíche ar an Epipolae agus cuireadh chun báis é i Sioracús tar éis dó iarracht a dhéanamh éalú.

I measc a chuid tréithe mar cheannaire tá dánacht agus crógacht (a bhí cosúil le meargántacht amanna), an-samhlaíocht, misneach pearsanta agus an cumas chun daoine eile a spreagadh.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (8, 7.) (15 mharc)**

# Topaic 2. Alastar Mór.

(i)

(a) Ba chóir go mbeadh Oilimpias sa fhreagra mar an phríomhbhean ina shaol: a chaidreamh léi nuair a bhí sé óg agus an chaoi ar thaobhaigh sé léi san achrann le Pilib; a ráiteas le hAntapataer nach fiú 10,000 dá chuid litreacha oiread agus ceann amháin dá deora; a ghearán chuici i litir níos déanaí: "bhí sí ag gearradh praghas ard air as na naoi mí a chaith sé ina broinn." D'fhéadfaí péire nó trí cinn díobh seo a chur san áireamh chomh maith: Timocleia sa Téibh – an chaoi ar chaith sé go trócaireach léi agus lena leanaí cé gur throid a deartháir ina choinne i gCath Chaeronea; Ada as Caria (a mháthair "uchtála") – is cosúil gur réitigh sé go han-mhaith léi ach gur chuir sí isteach air de bharr gur bheathaigh sí é an iomarca; mná theaghlach Dháirias – chaith sé leo le cúirtéis agus meas mór agus bhí sé meáite ar iad a chur ar a gcompord tar éis Chath Iseas. D'fhéadfadh na hiarrthóirí a lua freisin cé chomh foighneach a bhí sé le máthair Dháirias nuair a cheap sí gurbh é Hephaestion é; Barsine – a leannán luí agus a chara rúin; Thais – chuir sí ina luí air pálás Dháirias a dhó (scéal Phlútarc faoi dhó Pheirséapoil); iníon Dháirias ar phós sé í; Roxane – máthair a linbh. D'fhéadfaí a theagmháil leis an Pitia a chur san áireamh chomh maith.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht iomlán, 8. (40 marc)**

(b) Is ceist shuibiachtúil í seo ar ndóigh; d'fhéadfadh na hiarrthóirí a bheith tógtha leis an gcaoi ar chaith sé le mná nó d'fhéadfadh tuairim eile a bheith acu. Is ríthábhachtach é go dtugann siad tacaíocht dá dtuairim trí thagairtí sonracha a dhéanamh don téacs.

**Dhá phointe. (5, 5.) (10 marc)**

(ii)

(a) Féadfaidh na hiarrthóirí cur síos a dhéanamh ar láthair an champa; na gníomhartha cliste a úsáideadh chun Póras a choinneáil i mbun tuairimíochta agus chun é choinneáil ina shuí i rith na hoíche; tabhairt na mbád ón Iondúis; roinnt an airm ina thrí chuid; an t-ordú a tugadh do Craterus chun fanacht sa champa i gcuideachta móráin den mharcra; Meleager ag an bpointe leath bealaigh; an áit ar thrasnaigh sé an abhainn, áit a raibh lúb in Abhainn an Hiodaispéas agus bhí sé ábalta dul ar scáth coillearnaí agus oileáin; Alastar agus na trúpaí tofa ag dul trasna na habhann; an aimsir; an botún faoi na hoileáin. Teacht mhac Phórais, más go mall féin é, gan aige ach arm beag. Theip air dul i ngleic le hAlastar nuair a tháinig sé go bruach na habhann.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcaoi ar trasnaíodh an abhainn. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(b) Thrasnaigh siad an abhainn agus thug siad aghaidh ar an láthair chatha, áit a raibh a chuid trúpaí socraithe ag Póras (lenar áiríodh 4,000 marcra, 300 carbad agus 200 eilifint). Fuair siad an ceann is fearr ar thrúpaí mhac Phórais. B'éigean d'Alastar moill a chur ar an gcath d'fhonn ligean dá chuid fear a n-anáil a tharraingt. Chinn sé gan aghaidh a thabhairt ar an lár, áit a raibh na heilifintí leagtha amach feadh líne Phórais. Bhí sé ag brath ar an marcra

níos fearr a bhí aige agus dhírigh sé a ionsaí ar sciathán clé líne Phórias. Nuair a thosaigh na boghdóirí capaill ag scaoileadh, d'ionsaigh seisean le haonad marcra amháin. Chuir sé Coenus agus Déiméitrias anonn chuig an sciathán clé; tugadh ordú dóibh coinneáil le cúl mharcra an namhad nuair a thabharfaidís aghaidh ar a sciathán clé chun cur i gcoinne eagair mhóra na Macadónach. Ní raibh falang na saighdiúirí coise le gluaiseacht go dtí gur ionsaigh an marcra. Faoi mar a cheap an rí Macadónach, bhog na hIndiaigh a marcra d'fhonn cur i gcoinne ionsaí Alastair. Lean Coenus iad agus b'éigean do na hIndiaigh tiontú thart. Dá bhrí sin, bhí ar a marcra troid in dhá threo dhifriúla. Bhí mearbhall ar na hIndiaigh faoin am seo. Cuireadh cuid mhór acu ar ais i measc a n-eilifintí féin ach maraíodh an líon céanna dá dtaobh féin agus a maraíodh ar thaobh an namhad dá bharr sin. Le linn an chatha, tháinig fórsaí Craterus anall ón taobh eile den abhainn – tar éis comhartha a fháil – agus ghlac siad páirt san ionsaí. Chaill Póras tuairim is 20,000 saighdiúir coise agus beirt mhac. Mar aon le cuntas díreach ar an gcath, ba cheart don iarrthóir anailís a dhéanamh ar na príomhthosca a lig d’arm Alastair an lámh in uachtar a fháil: a ghasta agus a bhí sé ag dul trasna na habhann, rud nach rabhthas ag súil leis; choinnigh sé cuid mhór den mharcra siar go dtí go ndeachthas i ngleic leis na heilifintí; a úsáid chliste as an meitheal faoi Coenus (straitéis den scoth) d’fhonn an cath a bhaint ag pointe cinniúnach. D’fhéadfá a rá freisin gur chuir easnaimh Phórais le bua Alastair.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (5, 5, 5.) Míniúchán. (5.) (20 marc)**

(c) Tá an chaoi ar chaith Alastar le Póras sách soiléir sa chomhrá idir an bheirt. Léiríonn sé taobh uasal an Mhacadónaigh. Cé gur cloíodh Póras go dona, caitheann sé leis le dínit agus le meas. In áit é a náiriú, tá Alastar tógtha lena mhisneach agus lena stuamacht agus ligeann sé dó fanacht i gceannas ar chríoch leathnaithe. Feicimid gur féidir leis a bheith an-mhóraigeanta i ndiaidh bua agus ní ligeann sé do chogadh bac a chur ar a mheasúnú ar chéile comhraic.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(iii)

(a) San áireamh i gcuntas Phlútarc ar an eachtra seo tá féile dí ina gcuireann an chúirtéiseánach Thais ina luí ar Alastar an pálás a dhó. Le teann gaisce a rinne Alastar é, dar leis, tar éis a bheith ag ól lena chuid fear i ndiaidh bua a fháil. Shíl a chuid fear go bhféadfaidís dul abhaile ag an bpointe sin ach bhí dul amú orthu. Tá cuntas Airrianas difriúil go maith. Deirtear ann (in aghaidh chomhairle Phairméinión, a chuir in iúl dó go raibh sé ag dó a réadmhaoine féin), gur chinn Alastar an pálás i bPeirséapoil a dhó mar phíosa straitéise. Ceist bheartais ba ea é seachas gníomh mearghánta scriosta.

**Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Féadfaidh na hiarrthóirí ceachtar den dá théacs a roghnú, chomh fada agus a thacaíonn siad lena dtuairim trí fhaisnéis chomhthéacsúil, e.g. samplaí eile d'iompar Alastair nó samplaí eile ó stíl scríofa Phlútarc agus Airrianas a thugann a n-iontaofacht le fios (nó a mhalairt). Tá cuntas Phlútarc níos bríomhaire, ach tá samplaí eile ann ina léirítear Alastar ag gníomhú go tobann, go háirithe agus é faoi thionchar alcóil. Tá cuntas Airrianas níos srianta, ach tá an gnáthdhiúltú do chomhairle Phairméinión san áireamh. Glactar le ceachtar acu chomh fada is go bhfuil tacaíocht mhaith acu trí thagairt don téacs.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (8, 7.) (15 mharc)**

(iv) Dar le Plútarc, tar éis d'Alastar a bheith amuigh don oíche, go bhfanfadh sé ina luí ar feadh an chuid is mó den lá ina dhiaidh sin. Nuair a bhíodh sé ag ól, d’éiríodh sé díomasach mímhúinte agus bhíodh sé ar nós gnáthshaighdiúra. I measc na gcásanna ábhartha a bhféadfadh na hiarrthóirí tagairt dóibh tá dúnmharú Chléiteas nuair a bhí Alastar ólta; óráid Hermolaus sular cuireadh chun báis é as an bpáirt a ghlac sé i gComhcheilg na nGiollaí; cuntas Phlútarc ar dhó Pheirséapoil; an chóisir ollmhór in Carmania tar éis dó dul trí Fhásach na Geadróisia; an t-ólachán seasta sna laethanta sula bhfuair Alastar bás. Ní gá dóibh iad sin uile a lua, áfach. Bhí droch-cháil ar na Macadónaigh as a n-ólachán míchuibheasach agus níl dabht ar bith faoi ach go mbíodh cuid mhór pótaireachta ar siúl sa champa Macadónach. Ní fhéadfaí a rá, áfach, gur chuir ólachán Alastair isteach air agus é ag stiúradh an fheachtais. D'fhéadfadh na scoláirí tagairt do chosaint Phlútarc nár phléigh Alastar le barraíocht pléisiúir agus gurb é an príomhfháth ar fhan sé ina shuí go mall ag ól ná gur mhaith leis a bheith ag caint lena chairde. Ghlac an t-ólachán páirt mhór ina shaol gan amhras.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

# Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i)

(a) Chinntigh Poimpéas go gcuirfí chun na Spáinne é d'fhonn na deacrachtaí a bhí Seartóirias ag cruthú do Metellus a réiteach. Spreag sé muinín nuair a tháinig sé agus d'éirigh leis cuid de lucht na braiteoireachta a mhealladh ó Sheartóirias chuige féin. Chuaigh a cháil i méid i gcomparáid le Metellus a bhí tar éis sleamhnú isteach i stíl mhaireachtála an-sócúlach agus an-leisciúil. Bhí Poimpéas ar buile nuair a ghabh Seartóirias baile Lauron. Shíl Poimpéas go raibh smacht aige ar Sheartóirias. Ansin chloígh Poimpéas trúpaí Sheartóirias faoi stiúir beirte a thug cúl le cúis in Valentia agus maraíodh 10,000 acu. Ar aghaidh leis anois díreach go hAbhainn Sucro chun aghaidh a thabhairt ar Sheartóirias. Níor theastaigh uaidh go mbeadh Metellus ansin ar eagla go mbainfeadh sé clú agus cáil amach dó féin. Bhí Seartóirias sásta go leor leis an socrú sin cionn is gurbh fhearr leis aghaidh a thabhairt ar arm

amháin seachas dhá arm. Throid Seartóirias go cróga sa chath. Rinne sé go maith sa lár. Ba bheag nár maraíodh nó nár gabhadh Poimpéas; d'ionsaigh saighdiúir coise é le linn dó a bheith ar a chapall. Gortaíodh é ach d'éirigh leis lámh an fhir a bhaint de agus bhí sé in ann éalú de shiúl na gcos. D'fhág sé a chapall fíormhaisithe ina dhiaidh agus throid saighdiúirí an namhad faoi. Mhaígh an dá thaobh go raibh an bua acusan. Tháinig Metellus ansin agus scaip Seartóirias a arm. Nuair a tháinig Metellus agus Poimpéas le chéile, chiap na Spáinnigh chomh héifeachtach sin iad gurbh éigean dóibh dul go háiteanna nach raibh faoi smacht na Rómhánach. Chuir Poimpéas faoi choinne trúpaí breise ón gconsal Lucullus sa Róimh. Bhí fonn airsean Seartóirias a chloí go luath agus, mar sin de, bhí sé sásta go leor na trúpaí a chur chuige. Bhí an t-ádh ar Phoimpéas gur maraíodh Seartóirias nuair a d'ionsaigh cuid dá fhir féin é. Tháinig Perpenna ina áit. Fuair Poimpéas an lámh in uachtar ar Perpenna agus chuir sé chun báis é. Dhiúltaigh sé na litreacha a bhí aige a léamh inar maíodh gur iarr roinnt Rómhánach ar Sheartóirias ionsaí a dhéanamh ar an Iodáil.

**Cuntas comhleanúnach ar an bhfeachtas. (14, 13, 13.) (40 marc)**

(b) Samhlaítear go bhfuil Seartóirias scanrúil, tapa agus ceannasach. Deir Plútarc go bhfuil sé níos cosúla le ceannaire na ngadaithe ná le ceannaire na saighdiúirí, agus go bhfuil sé críonna agus beartach. Chiapadh sé an ginearál Rómhánach, Metellus; dhéanadh sé luíochán air agus dhéanadh sé ionsaithe fíorthapa air gan choinne. Dhéanadh sé cáineadh géar ar Phoimpéas agus samhlaítear go bhfuil sé díomasach agus drochbhéasach, ach nach amadán é. Tá eagla air roimh Phoimpéas i ndáiríre agus éiríonn sé níos cúramaí. Tá Seartóirias thar a bheith géar air – deir sé nach bhfuil ann ach buachaill agus nach bhfuil i Metellus ach seanbhean. Éiríonn sé níos áirí, áfach. Troideanna sé go cróga i gcoinne na Rómhánach. Deir Plútarc go raibh an chuma ar an scéal corruair nach raibh fir aige ar chor ar bith, ach fós féin bhí sé ábalta gairm ar líon ollmhór go tobann chun troid ar a shon. Is cosúil gur cheannasaí an-éifeachtach ba ea é, go háirithe agus leas neamhghnách á bhaint as beartaíocht treallchogaíochta. Is cosúil go bhfuil meas ag Plútarc ar Sheartóirias, go háirithe ar a chrógacht, a sheiftiúlacht agus a éifeachtacht mar chéile comhraic.

**Pointe amháin a dtacaíonn dhá thagairt leis. (5, 5.) (10 marc)**

(ii)

(a) Ról Cható i bpolaitíocht na Poblachta deireanaí: Ba chóir go luafaí sna freagraí gur thacaigh Cató go diongbháilte le stádas an tSeanaid agus na luachanna seanfhaiseanta agus go raibh an-amhras air faoi Chaesar ón gcéad lá riamh; chuireadh Cató ina choinne nuair a dhéanadh Caesar iarracht cumhacht a bhailiú chuige féin. Bhí clú air i bhfad is i gcéin as a bheith cruinn cóir ina chuid gnóthaí, mar a dhéanfadh státaire maith, agus os cionn na caimiléireachta mar ghobharnóir. Ar phríomhimeachtaí a shaoil pholaitiúil tá an pháirt a ghlac sé i dtriail na gcomhchealgairí Caitilíneacha, an tacaíocht a thug sé do Phoimpéas sa Chogadh Cathartha, an chaoi ar cloíodh é agus ar chuir sé lámh ina bhás féin san Afraic, agus freagra Chaesair air sin.

**Cur síos comhleanúnach ar ról Cható. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Seo a leanas na cúinsí a bhain le bás Cható – chuala Cató faoi bhua Chaesair; ní raibh sé sásta maireachtáil i ndomhan a raibh Caesar i gceannas air ná ní raibh sé sásta deis a thabhairt do Chaesar pardún a thabhairt dó agus, dá bhrí sin, chuir sé lámh ina bhás féin in Utica i mí Aibreáin na bliana 46 R.Ch. De réir Phlútarc, rinne Cató iarracht é féin a mharú lena chlaíomh féin; níor éirigh leis, áfach, ós rud é go raibh a lámh gortaithe. Scríobh Plútarc nach bhfuair Cató bás láithreach bonn mar gheall ar an gcréacht. Bhí sé ag streachailt agus thit sé den leaba. Rinne sé an oiread sin clampair gur chuala na searbhóntaí é. Isteach lena mhac agus lena chairde uile sa seomra go díreach agus bhí uafás orthu nuair a chonaic siad é ag fáil bháis. Rinne an dochtúir iarracht cóir leighis a chur air ach níor ghlac Cató leis agus fuair sé bás.
**Dhá chúinse ar a laghad. (5, 5.) (10 marc)**

(c) Scríobh Plútarc an méid a dúirt Caesar nuair a chuala sé go bhfuair Cató bás in Utica: "A Cható, maím do bhás ort, faoi mar a mhaígh tusa an deis ormsa do bheatha a thabhairt leat."

**Pointe amháin. (10 marc)**

(iii)
(a) Ba cheart go léireodh na hiarrthóirí tuiscint ar na smaointe i gceithre cinn de na dánta dualgais ar a laghad. Téamaí féideartha ar nós grá mar thinneas in áit áthais; déine a phaisin agus a léin; ruais mná; tábhacht an chairdis; comhbhrón dóibh siúd atá ag caoineadh; an phian a bhraitear nuair a chailltear deartháir; flaithiúlacht spioraid; nádúr macánta pearsanta a chuid dánta.
**Breac-chuntas tugtha ar cheithre théama. (7, 6, 6, 6.) (25 marc)**

(b) Chruthaigh Catullus go bhfuil mothúcháin an-láidir ar fad aige. Nuair a thugann sé grá, is le hiomlán a chroí é mar is léir ó na dánta Lesbia. Tá tionchar mór ag a chuid mothúchán air; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. Léiríonn sé a dhílseacht, an t-amhras agus an éiginnteacht atá air agus go háirithe a chumas a bheith i ngrá agus olc a bheith air san am céanna. Is minic a chuireann sé síos ar an ngrá mar chineál galair nó rud is féidir a bheith gafa leis. Sa dán *A Prayer* cuireann sé síos ar cé chomh diongbháilte is atá sé go leigheasfaí é fiú. Léirítear réimse leathan mothúchán Catullus, idir dhuairceas agus ríméad, ina chuid dánta. Tá an dán a scríobh Catullus dá dheartháir marbh thar a bheith mothúchánach agus léirítear an dlúthchaidreamh a bhí aige leis ann. Is léir sna saothair *Consolation*, *The Same* agus *At A Brother's Grave* go bhfuil sé lách, truachroíoch agus dílis mar chara. Is léir go bhfuil an-bhrón air mar gheall ar bhás a dhearthár agus tá bá aige le daoine eile atá sa bhád céanna leis. Ba cheart do na scoláirí na daoine atá caillte aige féin (bás Lesbia agus bás a dhearthár) agus an bá atá aige le daoine eile a lua.

**Dhá ghné dá charachtar. (8, 7.) (15 mharc)**

(c) Is uilíoch agus is buan iad téamaí Catullus. Tá a chuid dánta thar a bheith pearsanta agus mothúchánach agus é ag plé leis an ngrá, caillteanas, cairdeas agus teaghlach, tá siad chomh hábhartha anois agus a bhí siad nuair a scríobh sé iad. Baineann a chuid téamaí uile le hábhar sa lá atá inniu ann. Más mian le hiarrthóir easaontú leis sin, d'fhéadfaidís a rá go bhfuil an dóigh a dtéann sé i ngleic leis na téamaí seanfhaiseanta ar bhealach. Níor mhór do na hiarrthóirí tagairt do dhán sonrach amháin ar a laghad sa fhreagra sin.

**Pointe forbartha amháin.** **(10 marc)**

(iv)

(a) In *Ceart agus Éigeart* le Cicearó, deir sé gurb é atá san fhíordhlí ná Réasún, ceart agus nádúrtha, a ordaíonn do dhaoine a gcuid dualgas a chomhlíonadh agus a choscann agus a dhíspreagann iad éagóir a dhéanamh. Leis an méid sin a mhíniú, deir sé nach n-athraíonn Réasún riamh agus gur ní síoraí do-athraithe é. Baineann sé le gach duine. Deir sé go mbíonn tionchar aige ar fhir mhaithe ach nach mbíonn aon tionchar aige ar fhir olca. Peaca atá ann iarracht a dhéanamh dul ina aghaidh agus ní féidir é a chealú riamh. Ní bhraitheann a dhlí ar na húdaráis, cosúil leis an Seanad ná an Comhthionól. Ní féidir le duine ar bith é a léirmhíniú seachas muid féin. Níl dlí seo an Réasúin speisialta don Róimh ná aon áit eile, baineann sé leis an domhan ar fad. Is é atá ann, i ndáiríre, dlí Dé. Ní féidir éalú ón dlí seo, tá sé chomh deacair le héalú uait féin. Fiú má cheapann tú gur éalaigh tú, níor éalaigh. Léiríonn sé é seo tríd an sampla de stát ag gairm cogaidh. Níl sé cóir ach má bhíonn cúis mhaith leis (cosaint nó díoltas). Má leanann tú an dlí seo, gheobhaidh tú luach saothair díreach mar a fuair an Róimh luach saothair as a comhghuaillithe a chosaint agus as an rud ceart a dhéanamh. Tacaíonn an nádúr leis an dlí seo trí ardchéimíocht a thabhairt do Dhia thar an duine, an intinn thar an cholainn, réasún thar dhrúis agus fearg.

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht iomlán, 8.** **(40 marc)**

(b) D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá bhfreagra trí thagairt a dhéanamh don téacs.

**Pointe forbartha amháin.** **(10 marc)**

# Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i)

(a) Nuair a chuala Octáivian, garnia agus mac uchtaithe Iúil Caesar, faoi fheallmharú Iúil Caesar agus gur dhearbhaigh sé a oidhre féin, chuaigh sé go dtí an Róimh lena oidhreacht a éileamh i gcoinne chomhairle a mháthar agus a leas-athar. Ar dtús ní raibh sé féin agus Antaine ag tarraingt lena chéile agus throid siad in éadan a chéile, ach socraíodh comhréiteach eatarthu agus bhunaigh siad an Dara Tiúracht le Lepidus. Le chéile, fuair siad an lámh in uachtar ar fheallmharaithe Iúil Caesar ag Filipe. Bhí an chuma air gur chaith sé go brúidiúil leo siúd a cloíodh i ndiaidh an chogaidh. Caith sé go an-chruálach leo siúd a tháinig slán as an léigear ag Perusia freisin. Fuair sé an bua ar Sextus Pompeius i gcogadh na Sicile agus ansin chuir sé an ruaig ar Lepidus agus ghabh sé a sheilbh. Dar le Tacatas "mheall sé na saighdiúirí le bronntanais, an pobal le harbhar saor, agus na fir ar fad le "codladh sámh", agus mar sin mhéadaigh sé trí chéimeanna. Faoin am seo, bhí Antaine san Oirthear agus bhí caidreamh tosaithe aige le Cléópátra. Fuair Octáivian an bua air i gcath cabhlaigh Actium in 31 R.Ch agus bhí sé ina rialtóir aonair anois ar an Róimh.

**Cuntas comhleanúnach. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Áirítear leis na saintréithe a léirigh Ágastas féinmhuinín agus muinín den scoth do dhuine chomh hóg; samhlaíocht taidhleoireachta nuair ba ghá; dúthracht don rath; an cumas le daoine a láimhseáil agus chun iad a chur in adharca a chéile; éifeachtúlacht iontach le fáil réidh lena namhaid; feasacht faoin uair le bualadh agus cén uair le fanacht siar; braistint maidir le conas daoine a mhealladh go dtí a thaobh féin. Ba cheart go roghnódh iarrthóirí péire nó trí cinn díobh seo agus tagairtí don téacs a úsáid chun iad a léiriú.

**Dhá shaintréith. (8, 7.) (15 mharc)**

(ii)

(a) Bhí Tibir sean agus tinn dá dhualgais: D'oibrigh Séánas crua le cur ina luí ar imeacht. Bhí an Róimh agus a gnéithe naimhdeacha, a teannais agus a contúirtí dofhulaingthe. Bhí sé éirithe níos frithshóisialta agus níos aonaraí. Bhí an Róimh fágtha aige cheana (chaith sé go leor blianta ar Ródas).

**Dhá chúis tacaithe. (10, 10.) (20 marc)**

(b) Bhí saoirse i bhfad níos mó ag Séánas le hoibriú i dtreo cumhacht ardcheannasach mar gheall gur fhág Tibir. Cé gur lean Tibir ag feidhmiú mar cheann stáit, ní raibh a riail chomh héifeachtach mar gheall go raibh sé as láthair. Ba i rith na tréimhse seo a cailleadh roinnt de
leanaí Agrippina.

**Dhá thionchar mínithe. (8, 7.) (15 mharc)**

(c) I gcuntas Shéatóinias, déantar cur síos ar Tibir amhail is go raibh sé páirteach sna gníomhartha ba bhrúidiúla agus ba dhuáilcí
ar Capri. Deir sé gur lig Tibir cúrsaí an stáit le sruth. Ghlac sé páirt i bhfleánna drabhlásacha, paisin dhuáilceacha agus bhíodh smaointe drochaigeanta díomhaoine aige. Bhí a chuid ainmhianta coiriúil agus bhí sé ag maireachtáil mar a bheadh tíoránach oirthearach ann, ag ól agus ag ithe an iomarca. Bhí leanaí saorchlannda mar íospartaigh dá dhrúis agus chuir an tsoineantacht agus an óige faoi dhraíocht é. Fuair, agus uaireanta fiú d'fhuadaigh, sclábhaithe a íospartaigh agus smaoinigh sé ar dhuáilcí nua. Bhí seomraí cóirithe aige le híomhánna mígheanasacha agus lámhleabhair mhígheanasacha. Bhí buachaillí agus cailíní gléasta aige mar phannaí agus nimfeacha thart ar a thailte i bhfochlaí drabhláis. D'éist sé le go leor cúisimh bhréige ag teacht ó Shéánas sa Róimh agus cuireadh pionós ar go leor nuair a d'ordaigh sé é. Ba cheart go ndéanfadh iarrthóirí trácht seachas díreach iad a athrá, b'fhéidir faoin dóchúlacht go raibh na líomhaintí fíor.

**Dhá thuairim chruthaithe faoina stíl mhaireachtála. (8, 7.) (15 mharc)**

(iii)

An raibh a riail cruálach agus mí-ámharach don Róimh agus don Impireacht? Ní mór d'iarrthóirí tagairtí maithe a dhéanamh mar thacaíocht le ceachtar argóint. D'fhéadfaidís a choncas ar an mBreatain a lua, mar shampla, nó na hoibreacha poiblí a rinne sé, an dá uiscerian a tógadh don Róimh agus calafort nua ag Ostia san áireamh. Dhraenáil sé Loch Fucine. D'eagraigh sé árachas in aghaidh caillteanais le haghaidh iompórtálaithe gráin agus léirigh sé spéis i ngnóthaí na bproibhinsí (go háirithe sa chíréib idir na Gréagaigh agus na Giúdaigh) agus thug sé saoránacht do chuid den Ghall. Ar an láimh eile, bhí sé cruálach, faiteach agus amhrasach agus d'imir mná céile agus daoine saortha tionchar rómhór air. Mar gheall ar a pharanóia, chuir sé cúigear is tríocha seanadóir agus trí chéad ridire chun báis. D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an gceist a fhad agus a thugann siad tacaíocht dá dtuairim trí thagairtí a dhéanamh don téacs.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

(iv)

Ba thubaiste í Tine Mhór na Róimhe sa bhliain AD 64. Tharla sí de thimpiste, dar le daoine áirithe, agus d'aon ghnó dar le daoine eile. Chuaigh an cúinne thoir ó thuaidh den Circus Maximus trí thine ar dtús agus scaip sí go tapa chuig siopaí ina raibh earraí inadhainte ar díol. Shéid an ghaoth í agus ba ghearr go raibh an Circus ar fad ar lasadh. Ní raibh aon fhoirgnimh mhóra in aice na tine a choinneodh siar í, mar sin leath sí thar an talamh réidh agus scrios gach a raibh sa bhealach aici. Leath sí ar luas lasrach trí na camshráideanna agus na tithe fánacha, rósciobtha ar fad le cur ina coinne. Bhí critheagla ar na daoine agus bhí mná ag ligean scréach agus leanaí ag rith le scanradh; bhí seandaoine gafa sa chíor thuathail. Cheap daoine go raibh ceantar sábháilte bainte amach acu, ach theann an tine orthu. Ní raibh a fhios ag aon duine cá raibh bealach a n-éalaithe agus rinne siad uile iarracht dul

amach bóithre na tuaithe. Roghnaigh cuid acu an bás thar an teitheadh toisc gur chaill siad gach a raibh acu. Rinne roinnt dronga iarracht an tine a leathadh nó cosc a chur ar dhaoine eile í a mhúchadh sa tsúil, b'fhéidir, go mbeadh seans acu dul i mbun bradaíola. Dúirt cuid acu gur ordaíodh dóibh déanamh amhlaidh. Múchadh an tine faoi dheireadh ar an 6ú lá ag bun Chnoc Esquiline. Leagadh líon mór millteach tithe chun tóitbhearna a chruthú. Tháinig beocht sa tine arís agus, cé nach raibh sí chomh fíochmhar an uair sin, scriosadh cuid mhór teampall agus stuaraí siamsa. Bhí scannal mór ann de bharr gur thosaigh an dara tine sin ar eastát Tigellinus. Bhí ráfla ag gabháil thart gur theastaigh ó Néaró go bhfolmhófaí an talamh le go mbunódh sé cathair nua ann darbh ainm Neronia. Leagadh go talamh trí cheantar ina n-iomláine. Ba bheag nár scriosadh seacht gceantar ina n-iomláine. Ceithre cinn a tháinig slán. Scriosadh an-chuid teampall agus scrínte agus cailleadh go leor rudaí áille nárbh fhéidir a leathcheann a fháil.

**Cuntas comhleanúnach ina ndéantar cur síos ar thús, géarú agus críoch na tine.**
**(10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(b)

Dúirt roinnt daoine gur tosaíodh an tine d'aon ghnó agus gurbh é Néaró féin faoi deara í. Bhí sé in Antium nuair a bhí an tine
ag réabadh agus níor fhill sé nó gur thosaigh sí ag bagairt ar an bhfoirgneamh a thóg sé mar nasc
idir an Palaitíneach agus Gairdíní Maecenas. Ach bhí sé rómhall, mar bhí an Palaitíneach agus
na gairdíní loiscthe. Mar sin féin, chuir sé Campus Martius agus foirgnimh phoiblí Aigripe ar oscailt
do na dídeanaithe agus d'ordaigh sé go dtógfaí cóiríocht shealadach dóibh. Tugadh bia isteach ó Ostia agus ó áiteanna eile agus laghdaíodh praghas an arbhair. Ach níor chuir sin mórán leis an ngnaoi a bhí ag na daoine air, mar bhí scéal ag gabháil thart go raibh sé ar stáitse príobháideach le linn na tine ag aithris dáin faoi thitim na Traí. Ba mhaith, áfach, cuid de na rialacháin pleanála a thug sé isteach le haghaidh an chláir atógála ina dhiaidh sin.

**Tagairt le déanamh do dhá ghné d'iompar Néaró. (10, 10.)** **(20 marc)**

# Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i)

(a) Brúnn an cór Proiméitéas le míniú a thabhairt ar an gcúis go bhfuil Séas ag cur pionós chomh brúidiúil air. Tógann sé am air dul chuig croí na ceiste gur ghoid sé tine, pribhléid Héafaestas, cumhdaithe i laíon gas finéil tirim, d'fhonn í a thabhairt do dhaoine. Bhí sé seo i gcoinne orduithe sainiúla Séas mar gurbh leis na déithe amháin an tine. Seasann Proiméitéas leis seo trína mhíniú gurbh amhlaidh tine agus "acmhainn mhór" daoine. Dá huireasa, chaillfí leis an bhfuacht iad, ní fhéadfaidís bia a chócaráil agus ní fhéadfaidís aon ní a dhéanamh as miotal. Cuireann Proiméitéas leis seo trí na bronntanais ar fad a thug sé do dhaoine a liostú. "Gach scil agus eolaíocht dhaonna an bronntanas a thug Proiméitéas." Gan tine, bhí deireadh leis an gcine daonna agus dá bhrí sin, do Proiméitéas, tá sé soiléir gur theastaigh sí uathu. Tá an bealach a sheasann Proiméitéas leis seo lán le dúshlán. "Mícheart? Glacaim leis an bhfocal. Bhí mé ag guí, ag guí go mbeinn mícheart!"

**Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(b) Is é meon na neach buan eile ar fad, iad siúd atá cairdiúil le Proiméitéas mar aon le roinnt dá namhaid, go bhfuil iontas orthu gur thug sé tine do dhaoine "nach bhfuil ina saol ach lá". Do Shéas, coir easumhlaíochta atá ann óna dteastaíonn pionós brúidiúil mar go raibh sé i gceist aige cheana an cine daonna a dhíothú agus sháraigh Proiméitéas é. Tá láidreacht iomlán de réir a thuairim mar go nglacann sé leis gan cheist go bhféadfadh Séas bheith ceart. Tá Heirméas den tuairim chomh maith gur amaidí seasamh leis na daoine laga in aghaidh láidreacht ollmhór Shéas. Ceapann Oceanus agus Héafaestas fiú, a bhfuil an oiread sin trua acu do chás Phroiméitéis, go raibh sé mícheart é sin a dhéanamh. Dóibh siúd, ciallaíonn cineál neamhbhuan daoine go bhfuil sé seafóideach go mbeadh tine acu. Deir an cór, a chuireann a gcairdeas le Proiméitéas in iúl go hoscailte, go raibh sé mícheart freisin.

**Trí phointe fhorbartha. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(ii)

(a) Ba cheart go dtabharfadh iarrthóirí breac-chuntas ar an méid a rinne Méide d'Iasón agus an chaoi ar thréig sé í. Glaonn Méide cladhaire lofa air i dtosach, is fuath léi gur féidir leis fiú féachaint uirthi san aghaidh tar éis feall a dhéanamh uirthi. Tá sí ag súil le freanga a bhaint as lena frithmhilleánú. Meabhraíonn sí d'Iasón gur shábháil sí a bheatha in Colchis nuair a mb'éigean dó tairbh chraoslasracha a chuingiú agus go ndearna sí laoch as agus é ag lorg Lomra an Óir. Cuireann sí in iúl dó nach mbeadh sé ábalta é sin a bhaint amach gan cabhair uaithi agus gur thréig sí a muintir féin á dhéanamh. Cuireann sí in iúl dó go raibh sí ina cúis le bás Pelias trína chur ina luí ar iníonacha an rí é a mharú. Ar son a cuidithe rinne sé feall uirthi trína tréigean i bhfabhar bhanphrionsa na Corainte, cé gur thug sí mic dó. Bhris sé a mhionnaí leis na déithe agus tá sé ciontach as mionnú éithigh. Deir sí nach bhfuil aon teaghlach ná cairde aici agus nach bhfuil aon áit le dul aici mar go bhfuil an ghráin ag gach duine uirthi mar gheall gur chuidigh sí leis. Deir sí gur cheart go mbeadh náire air mar gur

fhág sé a bhean agus a leanaí le taobh an bhóthair ag déircínteacht. Deir sí freisin gur dóigh nach raibh aon mheas aige níos mó ar bhean chéile Áiseach ag dul in aois.

**Trí phointe fhorbartha. (8, 4, 8.) (20 marc)**

(b) Is faoin iarrthóir an gcreideann sé/sí argóintí Iasón. Díbríonn Iasón éileamh Mhéide gur éirigh lena thuras mar gheall uirthi agus deir sé gurbh í Afraidíté a bhí ann. Agus é ag deimhniú gur thug Méide roinnt cúnamh dó, deir sé gur ghnóthaigh sí go leor ó tháinig sí chuig sochaí shibhialta. Deir sé go dtaitníonn an cháil léi in Hellas. Míníonn Iasón na fáthanna ar phós sé Glauce go breá loighciúil. Deir sé nach raibh sé seanchaite le Méide, ach go raibh an pósadh treoraithe "ar mhaithe leatsa agus mo chuid leanaí". Míníonn sé agus é ina dheoraí gan stát, gurbh deis iontach é an tairiscint iníon an rí a phósadh le dul chun cinn. Ba é a phríomhaidhm "go mbeadh saol maith againn agus nach mbeimis bocht". Tugann daoine cúl le fear bocht, agus rud maith a bheadh ann a mhic a thógáil ar bhealach ar fiú é agus a rachmas a chinntiú. Deir sé gur theastaigh uaidh a todhchaí a chinntiú agus fuil ríoga a thabhairt dá mic agus "slándáil a fhorbairt dúinn uile". Rinne sé beag is fiú de mhná agus a mothúcháin le roinnt tuairimí maslacha, e.g. "Dá mbeadh bealach eile ann chun leanaí a fháil, gan call leis an mbantracht! Dá mbeifí gan bean ar bith ar an saol, ní bheadh crá ar bith i saol an duine." Tá sé i gceart má théann nó mura dtéann na hargóintí seo i bhfeidhm ar an iarrthóir, chomh fada is go dtagraíonn sé/sí don téacs lena mhíniú cén fáth.

**Plé, 12; Forbairt, 12; Meastóireacht iomlán, 6. (30 marc)**

(iii)

Ba cheart go gclúdódh iarrthóirí an pholaitíocht agus an saol ach ní leis an bhfad céanna. Tá níos mó le rá faoin bpolaitíocht. Scríobh Arastafainéas *Frogs* nuair a bhí Cogadh na Peilipinéise ag teacht chuig pointe ríthábhachtach agus go gairid tar éis gur theip ar Coup na nOlagarcach. Tá an dá ghné seo le feiceáil síos tríd an dráma. I gcás an chéad cheann, bhain an díospóireacht mhór le hinmhianaitheacht síocháin a dhéanamh agus i gcás an Coup, bhain sé le cearta mar shaoránaigh a thabhairt ar ais dóibh siúd a bhí páirteach. Déantar achainí an-láidir sa mhéid a deir an cór ag deireadh Acht 1 d'aisghabháil iomlán, ag léiriú go bhfuil níos mó ceart ag na sclábhaithe a chuidigh leis na hAithnigh ag Cath Arginusae anois ná atá ag na fir seo a rinne an oiread don Aithin cheana. Saincheist pholaitiúil thráthúil eile ba ea filleadh Alcaibiaidéis a díbríodh. Iarradh i gceann de na ceisteanna a cuireadh ar Eoiripidéas agus Aescaileas ag deireadh an dráma céard a cheap siad ba cheart a dhéanamh faoi. Is iad seo na saincheisteanna polaitiúla móra a fheictear sa dráma. Maidir leis an saol san Aithin ag an am sin, luaitear an cruatan mar gheall ar an gcogadh. Díluacháladh airgeadra na cathrach mar sin dhúbláil costas tháille Charon trasna na Stiocs. Faighimid léargais chomh maith ar shaol pearsanta na saoránach mór le rá agus cloisimid fianaise ar chaimiléireacht i measc oifigeach. Féadfaidh iarrthóirí ról lárnach an dráma i saol na cathrach a léiriú agus an dlúthbhaint atá aici le príomh-shaincheisteanna an lae.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

(iv)

(a) Chuir Éideapús fios ar an bhfáidh dall, Tiresias, le hiarracht a dhéanamh brí a bhaint as focail Oracal Apalló ag Deilfe. Tá sé mall ag teacht agus tá Éideapús mífhoighneach. Fiú nuair a thagann sé, dealraíonn sé go bhfuil drogall air. Iarrann sé go gcuirfí abhaile é agus níl sé ag iarraidh labhairt ar chor ar bith. Ar dtús bíonn Éideapús ag impí air labhairt ansin éiríonn sé teasaí nuair a dhiúltaíonn Tiresias. Glaonn sé dríodar na sráide air agus mar fhreagra, tugann Tiresias le fios nach ionann é agus an té a cheapann daoine agus go bhfuil a rúin féin aige. Gríosaithe ag an líomhain gan bhunús a chuidigh le Tiresias plean a chur i dtoll a chéile chun Laius a dhúnmharú, ainmníonn an fáidh Éideapús mar dhúnmharfóir: "Is tusa an mhallacht, truailliú na talún!" agus deir sé: "Is tusa an dúnmharfóir atá á lorg agat". Anois tá Éideapús míshásta leis na focail seo agus bagraíonn sé an fáidh le foréigean ag cur iallach air labhairt agus roinnt eolais a thabhairt d'Éideapús, ach ní an t-eolas ar fad. Deir sé le hÉideapús nach é an duine a cheapann sé atá ann, gur cheart dó a fháil amach cé hiad a thuismitheoirí i ndáiríre. Deir sé gurb é an deireadh a bheidh ag duine atá saibhir inniu go mbeidh sé ina bhacach dall agus go dtarlóidh "breith agus scriosadh" Éideapús inniu. Creideann Éideapús go bhfuil Tiresias agus Creon i mbun comhcheilge chun go gcúiseofaí i ndúnmharú Laius é agus cuireann sé ina leith gur fháidh bréige é. Bagraíonn sé an seanfhear le foréigean fisiciúil arís agus glaonn sé bréagadóir air, léiríonn an rí gur theip ar Tiresias mistéir an Sfioncs a réiteach, ag maíomh gur eisean a réitigh é. Fágann Tiresias ar deireadh agus tugann sé géar-rabhadh d'Éideapús faoina chéannacht, ach faoi dheireadh na teachtaireachta bhog Éideapús i dtreo an pháláis.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcruinniú. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(b) Ba cheart go ndéileálfadh iarrthóirí le hiompar na beirte san eipeasóid seo. Ceist suibiachtúil atá ann, ach d'fhéadfaí easpa comhoibrithe Tiresias agus a theip chun seo a mhíniú a áireamh le freagraí,
agus gur cosúil é le duine bacúil; cuireann a thomhais fearg ar Éideapús; b'fhéidir gurb é an smaoineamh atá ann chomh maith go bhfuil sé ag iarraidh Éideapús a chosaint trína chiúnas. D'Éideapús, ba ghá a lua go raibh sé mífhoighneach, go raibh sé an-teasaí agus go mbíonn sé tobann nuair nach labhraíonn Tiresias amach agus go n-úsáideann sé foréigean chun a bhealach féin a fháil. Gnéithe anseo freisin is ea a fhocail chruálacha agus mhagúla agus a mhórchúis. D'fhéadfadh iarrthóirí an luas lena ndéanann sé scéal dá thuairim a lua agus an chaoi a bhfaigheann sé greim ar an tuairim mhícheart gur phleanáil Creon agus Tiresias ina aghaidh.
**Pointe amháin ar a laghad maidir le hiompar gach fir. (7, 6, 6, 6.) (25 marc)**

# Topaic 6. An Epic Ársa.

(i)

Turais breac le cuairteanna ar an Domhan Thíos atá corraitheach agus drámatúil iad an dá thuras. San *Odaisé*, aimsítear an Domhan Thíos trí abhainn Oceanus agus déantar cur síos air mar raidhse anamacha a bhfuil mearbhall orthu. Turas simplí atá ann d'Odaiséas, go deimhin is mó an seans go dtiocfaidh na spioraid amach chuige, a dhéanann codarsnacht leis an gcaoi a bhfaigheann Aeinéas rochtain ar an Domhan Thíos. Tá turas cheannaire na Traí níos corraithí agus níos drámatúla. Tá Sibille Chumae in éineacht leis agus caithfidh sé an Chraobh Órga a fháil i dtosach le dul isteach. Tugann an tsiúlóid ó Loch Avernus iad ar chosáin dhorcha an lobhaidh chuig móinéar Asphodel. Ar an mbealach, feiceann sé ainmhithe miotasacha agus go leor de na drochrudaí a bhaineann le nádúr an duine agus ar deireadh tagann sé ar radharc drámatúil an mhadra Ceirbearas agus a mhoing lán le nathracha. Nuair a shroicheann sé an áit, déanann Veirgil cur síos ar ríocht iomlán éagsúil den cheann a chonaic Odaiséas. Réimse eagraithe is ea an Domhan Thíos ina bhfuil Páirceanna Bróin, páirceanna cúlráideacha lán leo siúd ar éirigh leo i gcogadh, Tartarus agus Elysium. Níl ord den chineál sin i gcur síos Hóiméir.

Cé go mbuaileann an bheirt laochra le daoine óna saol san am a chuaigh thart, tá an chaoi a gcasann Aeinéas le Díodó níos corraithí agus níos drámatúla ná aon taithí a bhíonn ag Odaiséas. Ach tá an bheirt laochra corraithe nuair a chasann siad le hiarbhaill criú: Buaileann Odaiséas le spiorad dearóil Elpenor agus buaileann Aeinéas le taibhse Palinurus. Buaileann an bheirt laochra le spiorad a dtuismitheoirí básaithe féin. Déanann an bheirt fhear iarracht glacadh lena spiorad suarach.

San *Aeinéid* le Veirgil amháin a fhaightear mionchuntas ar mhíniú Anchises ar an mbás agus ar an athionchollú, mar atá mórshiúl a shliochtach a thaispeántar d'Aeinéas. Ach is fíor a rá go bhfaigheann Odaiséas léargas ar a thodhchaí i rith a chuairte ar an domhan thíos i bhfoirm fhocail dhrámata thaibhse Tiresias. Tugann cuntas Veirgile ar na cúiseanna a ngearrtar pionós ar charachtair in Tartarus léargas dúinn ar luachanna morálta a ama. Tá tagairtí corraitheacha agus drámatúla d'íospartaigh pionós síoraí sa dá dhomhan thíos e.g. Tityos agus Tantalus.

Anuas air sin, tá turais na beirte laochra chomh corraitheach céanna mar go bhfuil gach turas ina "bhás agus athbhreith" meafarach. I ndiaidh d'Odaiséas bualadh le taibhsí Tiresias agus Anticleiam, tá sé níos diongbháilte a thuras a leanúint agus a theaghlach a shroicheadh. Tá Aeinéas, trí bhualadh le Anchises, diongbháilte chomh maith a thuras a leanúint agus a mhisean a chríochnú tar éis dó go leor de shliocht na Róimhe cosúil le hÁgastas agus Marcellus a fheiceáil. Tá an turas chuig an Domhan Thíos ina chor cinniúnach sa dá eipic.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

(ii) D’fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas a fhad agus a dhéanann siad dóthain tagairtí don téacs mar thacaíocht lena dtuairim. D’fhéadfaí a áireamh mar fhianaise ar a chroíúlacht agus a mhothú daonna, a mhian le troid dá chathair baile (Leabhar II); a dhílseacht dá chuid fear agus a cheannasaíocht orthu (nuair a shroicheann siad an Libia in Leabhar I); tá a chlaonadh chun Héilin a mharú mar fhianaise láidir ar fhearg; a dhílseacht mar mhac (nuair a thugann sé cuairt ar an Domhan Thíos) agus mar athair (nuair a ghlaonn sé ar Ascanius agus é sa Chartaig); a scriosta atá sé nuair a imíonn Creusa uaidh; a rúndaingne agus é ag snámh in aghaidh an tsrutha. Tugtar le fios ina chaidreamh le Díodó roinnt croíúlachta ach mar gheall ar a dhílseacht chun dualgais, meastar go bhfuil sé fuar ina leith. Ach léiríonn a iarracht le dul i ngleic le taibhse Dhíodó sa Domhan Thíos mothúcháin cheannaire na Traí ina leith; a bhrón ar bhás Pallas agus a chomhbhrón do Evander a bhí ag déanamh bróin; a smaointe, tar éis Lausus, mac Mezentius a mharú; tugann a chlaonadh chun Turnus a shábháil agus ansin a intinn a athrú mothú comhbhá sáraithe ag fearg le fios. Tá deis ann chun argóint a dhéanamh gur cúiseanna atá in pietas Aeinéas, a dhílseacht do dhualgas agus an rialú a dhéanann na déithe air go mbreathnaíonn sé ar nós nach bhfuil aon mhothúcháin daonna aige. Féadfaidh iarrthóirí argóint a dhéanamh chomh maith nach bhfuil Aeinéas ina charachtar chomh suimiúil le Turnus sa dara leath den eipic seo.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

(iii)

(a) Ba cheart go dtaispeánfadh iarrthóirí eolas ar an bhflaithiúlacht agus an tábhacht a bhaineann le tabhairt bronntanas. Bhí nóisean na flaithiúlachta agus tabhartha bronntanas lárnach don tsochaí a ndéanann Hóiméar cur síos air. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann cur síos a dhéanamh ar theacht aoi sa dán leis an mbeannacht, snámh mhná an tí, suíochán snoite agus bia galánta, agus ina dhiaidh sin, ar deireadh, fiosrú maidir le cé hé an t-aoi. Is é teacht Odaiséis chuig muintir Phaeacia an sampla is fearr is dócha. D’fhéadfadh iarrthóirí an chúis a raibh flaithiúlacht chomh lárnach i sochaí mar sin ina raibh taisteal dainséarach agus neamhghnách a lua. Ba é Séas cosantóir na n-aíonna agus na dtaistealaithe agus bhí an deasghnáth naofa. Thugtaí bronntanas go minic don aoi a bhí ag fágáil. Bhí bronntanais bunúsach i sochaí na hOdaisé. Tá siad ina gcomhartha de sheasamh fir agus ina gcomhartha den dlúthpháirtíocht idir fir. Amhail is mó a mhórtar an té a thugann an bronntanas, is mó a luach. Ní hamháin go raibh an bronntanas ina chomhartha den onóir a bhí ar an aoi, ach cosúil le fógra de stádas an té a thugann an bronntanas.
Tá fianaise i ngach áit san eipic seo: Tá cuairt Telemachus ar Nestor agus fanacht Mheinealás agus Odaiséis i measc mhuintir Phaeacia an-treorach. Flaithiúlacht agus bronntanas a thug Aeólas; taispeánann an chaoi ar luaigh Odaiséas féin fanacht ag pluais na gCioclóp do bhronntanais saibhre gur bealach inghlactha a bhí ann chun saibhreas a fháil. Léirítear san flaithiúlacht an-tábhachtach a thug Eomaes don laoch go raibh an cleachtas forleathan sa tsochaí ar fad ón ríogacht (an Rí Alcinuous) go dtí an duine is lú (an t-aoire muc).

**Plé, 16; Forbairt, 16; Meastóireacht iomlán, 8. (40 marc)**

(b) Ní mór go mbeadh flaithiúlacht agus tabhairt bronntanas anseo i gcomhair lánmharcanna. Is é an príomhléiriú air seo an chaoi a bhfaigheann na Suirígh, mí-úsáideoirí na flaithiúlachta, a bhfuil ag dul dóibh. Is é an príomhbhealach a léiríonn Hóiméar a gcarachtair, an chaoi a mbaineann siad mí-úsáid as an bhflaithiúlacht ag pálás Odaiséis in Ithaca. Itheann siad an bia, ólann siad an fíon agus bíonn siad ag luí thart. Dá réir sin, bhí olc acu as flaithiúlacht shimplí le haoi eile (Odaiséas gléasta mar fhear déirce) agus caitheann siad rudaí leis fiú. I gcodarsnacht, léiríonn flaithiúlacht Eumaeus agus an beagán atá aige a mhaitheas. Sampla eile anseo is ea Cioclóp, cé go gcuirtear i gcuimhne dó go bhfuil flaithiúlacht beannaithe, maraíonn agus itheann sé a aíonna, go híorónach is é an "bronntanas" a thugann sé gurb é Odaiséas an duine deiridh a fhaigheann bás. Tugtar luach saothair dó – déantar dall é. Tugann na bronntanas ó mhuintir Phaeacia agus ó Mheinealás go Telemachus a bhflaithiúlacht le fios.

**Dhá phointe. (5, 5.)** **(10 marc)**

(iv) Dírítear stádas agus ról na mban sa *Táin* beagnach go hiomlán ar Mhedb. Murab ionann agus Péinealaipé san *Odaisé*, tá Medb lárnach sa Táin tríd síos. Níl sí ar dhóigh ar bith éighníomhach. Tá sí ar cheann de na carachtair is mó a chuireann snáth an scéil chun cinn, ag dul i gceannas ar an arm chun Donn Cúailnge a fháil. Is ceannasaí míleata í a bhfuil pearsantacht an-cheannasach aici agus téann sí i mbun catha. Fanann Péinealaipé sa bhaile agus bíonn sí faoi thoil na Suiríoch, cé go ndéanann sí iarracht iad a choinneáil uaithi le tréan a hintleachta. Is é a mac a bhíonn ag tabhairt orduithe di agus ní imríonn sí tionchar gníomhach ar imeachtaí an dáin ach amháin nuair a dhéanann sí cinneadh an comórtas leis an mbogha agus saighead a chur ar siúl. Tá sí níos caolchúisí mar charachtar ná Medb agus níos traidisiúnta mar bhean, ach ar comhchéim lena fear céile ó thaobh éirim aigne de, mar a léirítear in eipeasóid a n-athchaidrimh. Ach níl aon chumhacht aici i ndáiríre ar a cinniúint féin. Tá Medb níos áiféisí agus níos fiáine, agus is féidir go léirítear d'aon ghnó í mar bhean a bhí róchumhachtach agus rófhearúil lena leas féin. Tá codarsnacht mhór idir Medb agus na mná san *Aeinéid* le Veirgil. Is í Díodó an léiriú is soiléire de bhean san *Aeinéid*, a bhí ina bean láidir chumasach le hathléimneacht agus ceannaireacht iontach sula bhfeictear sa dán í. Feicimid i dtosach í ag riaradh dlíthe agus ag maoirsiú thógáil a cathrach nua tar éis éalú ó thubaiste sa bhaile in Tyre. Ach ó bhuail sí le Aeneas, bíonn sí ina puipéad ag na déithe a chuireann brú uirthi titim i ngrá leis agus bheith ar a dé deiridh nuair a thuigeann sí go bhfuil Aeneas ag fágáil. Níl aon ní de mhíthrócaire Mhedb aici agus scriosann sí í féin le brón. Tá na mná eile san *Aeinéid* fulangach (Creusa agus Lavinia) nuair a tharla a gcinniúint, nó ina n-uirlisí laga ag na déithe e.g. Amata agus mná na Traí i Leabhar 5. Níl fórsa ná gníomhaireacht Mhedb sa *Táin* ag ceachtar díobh.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

# Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i)

(a) I measc na mbeart a úsáideann Hannabal in Cannae tá siad seo a leanas: an úsáid a bhaineann sé as marcshlua Numidia chun na Rómhánaigh a spreagadh dul i mbun catha rud a tharraing achrann sa champa; iad a sheoladh le hionsaí a dhéanamh ar na Rómhánaigh a bhí ag fáil uisce ón gcampa beag agus a ghríosaigh chun gnímh iad; nuair a thug Varro na Rómhánaigh amach faoina stiúir, thug Hannabal isteach na taibhleoirí Bailéaracha ar dtús in éineacht le trúpaí éadroma. Ba iad an marcshlua Spáinneach agus Gallach an dream ba mhó a bhí ar an gcliathán ar chlé le hais na habhann; an marcshlua Numidia ar an gcliathán ar dheis agus an lárlíne a bhí comhdhéanta de choisithe leis na Gallaigh agus na Spáinnigh sa lár, ach aonad de chuid na hAfraice faoi arm trom ar gach taobh. 40,000 saighdiúir coisithe agus 10,000 marcra. Bhí Hannabal agus a dheartháir Mago sa lár, Hasdrubal ar an gcliathán clé agus Maharbal ar thaobh na láimhe deise. D'fhéadfaí an ghaoth ag séideadh deannaigh in aghaidheanna na Rómhánach a lua anseo. Rinne na trúpaí armáilte éadroma ionsaí ar dtús, ansin bhí an Cartagach fágtha ag ionsaí mharcshlua na Róimhe ar dheis agus iad an-ghar dá chéile. Nuair a tharla an príomh-imbhualadh leis na saighdiúirí coisithe, thit an lár Gallach agus Spáinneach (ar chruth cuartha), siar, ag tarraingt isteach an namhad a rith i dtreo an láir. Ansin bhog na coisithe Afracacha isteach ó gach taobh, ag déanamh ciorcail timpeall ar na Rómhánaigh nach raibh in ann an líon mór saighdiúirí a bhí acu a úsáid. Dá bhrí sin bhí na Rómhánaigh sáinnithe agus traochta chomh maith le bheith ag troid i gcoinne trúpaí úra. Beart eile ab ea an cleas a bhí aige ar an 500 fear capall as Numidia a bhí ag géilleadh mar dhea, ach a raibh claimhte i bhfolach ina gcuid lúireacha acu. Bhain na Rómhánaigh a n-airm díobh agus chuir siad chun deiridh iad. Ach ag buaicphointe an chatha, thóg lucht Numidia amach a gcuid claimhte agus d'ionsaigh siad na Rómhánaigh ón gcúl, ag díriú ar theannán na hioscaide agus ar a gcúl. Chuir sé sin scaoll ar an slua agus ansin sheol Hasdrubal saighdiúirí coisithe na hAfraice ar thóir na Rómhánach a bhí ar a dteitheadh, agus tháinig saighdiúirí coisithe Gallacha agus Spáinneacha ina n-ionad sa lár. Féadfaidh iarrthóirí léaráid a úsáid le cabhrú leo lena bhfreagra.

**Míniú comhleanúnach ar oirbheartaíocht Hannabail. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Labhraíonn agus iompraíonn an bheirt chonsal, Paulus agus Varro, ar bhealaí atá i gcodarsnacht lena chéile, roimh an gcath agus dá éis. Déanann an bheirt acu argóint lena chéile faoi cad ba cheart a dhéanamh – dul i mbun troda i gcoinne Hannabail nó gan dul ina choinne. Tá an-mheas ag Livias ar Paulus, atá i bhfabhar oirbheartaíocht Fabius, atá ina cheannaire freagrach a dteastaíonn uaidh a laghad fear agus is féidir a chailleadh. Luann sé tubaiste Flaminus ag Loch Trasimene. Spalpaire ionsaitheach é Varro, déanann sé magadh faoi Fabius lag éiginnte. Is mian leis dul i mbun troda, fearacht a chuid fear. Is léir go gceapann Livy gur gaotaire é a tharraingíonn ar mhífhoigne a fhear. An lá atá sé i gceannas, cuireann Varro an meirge catha amach, gan dul i gcomhairle le Paulus. Cinneann Paulus go drogallach tacú leis an gcinneadh. Tá súil aige go mbeidh na fir a labhraíonn go cróga in ann troid go cróga. Is maith le Livias a chomrádaíocht agus breathnaíonn sé air mar chuid den fhoireann. Maidir leis an gcath, seasann Paulus an fód go maith nó go dtréigeann an

misneach é. Gortaítear go dona é agus diúltaíonn sé don tairiscint éalú ar muin capaill; b'fhearr leis bás a fháil i dteannta a fhear ná dul chun na Róimhe agus a chomhchonsal a cháineadh lena chuntas faoin méid a tharla. Deir sé le Lentulus fógra a thabhairt do na seanadóirí sa Róimh chun an chathair a láidriú in aghaidh an namhad a bhuaigh. Codarsnacht mhór é seo le Varro a d'éalaigh ní ba luaithe chuig Venusia in éineacht le 50 duine dá chuid fear, d'ainneoin a ghaisce roimh an chath. Go hachomair, labhair Varro go cróga agus go hionsaitheach, ach ba é Paulus, a mhol a bheith cúramach, an té a bhí fíorchróga agus uasal sa chath. Tá an-mheas ag Livias ar Paulus ach tá fuath aige do Varro, nach ndéanann beart de réir a bhriathra.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(ii)

(a) Tá na dánta dualgais ar fad de chuid Horáit ábhartha dá fhealsúnacht ar an saol. Díreofar i bhfreagraí maithe ar mhaíomh Horáit i maireachtáil san am i láthair, rud éigin a fheictear go minic ina shaothar. "This day's thine own, the next may be denied", "Tomorrow and her works defy". Tá an téama céanna le feiceáil sna dánta *Gather Ye Rosebuds* agus *Enjoy The Present Hour.* Níl aon dul as ón mbás, rud atá nasctha leis sin; gheobhaimid go léir bás luath nó mall, stopaimis ag cur rudaí i dtaisce le haghaidh na todhchaí mar a tharla in *We All Must Die*, *Ode to Spring* agus *Enjoy Your Possessions While They Are Yours*. I measc gnéithe eile dá fhealsúnacht tá an smaoineamh gur fearr saol ciúin a chaitheamh agus gur chóir do dhuine brú a sheachaint agus a bheith sásta leis an mbeagán mar atá in *The Good Man Need Fear Nothing* agus *A Quiet Life*. In *The Town Mouse and The Country Mouse*, agus in *Rustic Joys*, taispeánann Horáit an ghráin atá aige ar fhuadar an tsaoil agus thar aon ní eile, ábharachas shaol na cathrach agus is fearr leis an saol a chaitheamh go breá réidh agus a bheith dílis don tslí a gcaitear an saol faoin tuath. Féachann sé ar chumhacht agus ar airgead mar chineál "sclábhaíochta corcra". Tá ardmheas aige ar an ngrá agus is mór is fiú dó cairdeas mar a fheicimid in *Journey to Brundisium* agus *Enjoy the Present Hour.* "Nor Love, nor Love's delights disdain; Whate'er thou gettest today is gain."

**Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht ghinearálta, 7. (35 marc)**

(b) Seans go n-aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas. D'fhéadfaí iad seo a leanas a áireamh i measc na bpointí: Tá ábhar imní Horáit uilíoch agus buan. Scríobhann sé faoi ghiorracht an tsaoil agus nach bhfuil aon dul as ón mbás. Áitíonn sé orainn sult a bhaint as gach lá amhail is gurb é an lá deiridh é mar nach eol dúinn cad atá amach romhainn. Ar ndóigh tá sé sin chomh fíor inniu is a bhí sé nuair a bhí sé ag scríobh. Féadfaidh iarrthóirí an pointe a dhéanamh freisin go dtéann a thuairimí maidir le brú shaol na cathrach, mar dhuine as an gcathair féin, i bhfeidhm go mór ar go leor léitheoirí nua-aimseartha atá lonnaithe i gcathracha. Is téama an-tráthúil é an fonn sin éalú ón ruaille buaille a bhaineann le saol na cathrach. Tá dílseacht Horáit dá chairde agus an t-ardmheas atá aige ar thábhacht an

chairdis chomh tábhachtach inniu is a bhí sé 2,000 bliain ó shin. Fágann an chríonnacht, an chiall agus an greann atá aige go bhfuil a thuairimí an-ábhartha do léitheoirí na linne seo.

**Dhá chúis agus iad mínithe. (8, 7.) (15 mharc)**

(iii)

Feictear comhbhá agus trua Veirgil dóibh siúd a bhíonn ag fulaingt sa chaoi a gcaitheann sé le leannán ar scriosadh a ngrá faoi dhó in Oirféas agus Eoraidícé: Caointear a bás i bhfad is i ngearr. Tá na mairbh duairce timpeall ar Oirféas i Háidéas agus is iontach mar a insítear an scaradh a bhrisfeadh croí duine. Is fianaise bhreise é an t-am atá fágtha ag Oirféas ar an saol seo agus an bás uafásach a fuair sé ar na mothúcháin neamhghnácha a bhí ag Veirgil dóibh siúd a bhíonn ag fulaingt. Is sampla maith eile an pictiúr atá aige de na mairbh gan adhlacadh agus a gcuid lámh sínte amach ag impí gan mhaith cead a fháil dul trasna na Stiocs. Tabhair faoi deara freisin gur daoine óga agus daoine a d'fhulaing bás anabaí formhór na marbh. Taispeántar an comhbhá agus an trua a léiríonn Veirgil leis an deismireacht a úsáidtear ag caint go díreach le hEoraidícé ag amanna ("tusa, a bhean chéile chóiriúil…"); an chaoi a gcruthaíonn sé atmaisféar gruama truamhéalach (líon neamhtheoranta na n-anamacha in Háidéas ach, go háirithe, an bhéim a dhíríonn sé ar an té atá lag, ar an óige, ar an té nach bhfuil sásamh sa saol dó). Arís, tá an bhuairt a bhaineann le cailleadh Eoraidícé an-ghéar agus cuireann Veirgil an caoineadh i nglór Eoraidícé féin. Caitheann an file go comhbhách le héadóchas Oirféas anseo.

In *The Underworld* tabharfaidh iarrthóirí faoi deara na cineálacha daoine a fhéachann a dhul trasna agus an chomparáid shuntasach le duilleoga agus le héin imirce, agus na hanamacha i ndeireadh na feide ag iarraidh deireadh a chur leis an síor-fhanacht agus a dhul trasna na Stiocs. Tabharfaidh formhór na n-iarrthóirí freagra dearfach. Léiríonn an tsamhail fhada comhbhá agus trua an fhile do na hanamacha seo atá ag fulaingt. Is truamhéalach an rud é gur anamacha gan adhlacadh iad seo a dteastaíonn uathu dul trasna na habhann, daoine óga ina measc a d'fhág tuismitheoirí ina ndiaidh á gcaoineadh.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

(iv) Ní mór do na hiarrthóirí dul i ngleic le dhá ghné anseo. Ceann amháin ná a fheabhas a léiríonn an file grá agus is é an ceann eile cuspóir morálta an scéil. Scéal simplí atá ann. Déantar cur síos ag an tús ar dhá chrann atá fite fuaite. Déanann Óivid cur síos ar na déithe, Iúpatar agus Mearcair, ag tabhairt cuairte ar phobal na Frigia gan aon fháilte á chur rompu. Cuireann Baucis agus Philemon, ar leannán scothaosta iad, fáilte Uí Cheallaigh rompu. Tá mionchuntas álainn i mbunús an scéil ar aíocht shimplí fhlaithiúil an tseanleannáin, mar aon le tagairtí tíriúla don bhia agus do na feistis. Is é an cor sa scéal ná go dtugann an leannán faoi deara go n-athlíonann an crúiscín fíona leis féin agus go dtuigeann siad gur déithe iad an bheirt strainséirí. Téann siad faoi choinne a ngé a mharú ach cuireann na déithe bac leo. Tugann siad iad go mullach an chnoic agus breathnaíonn siad ar an machaire iomlán faoi

thuile, ach tiontaítear a dteachín simplí féin ina theampall galánta. Tairgeann na déithe mian don seanleannán agus téann siad i gcomhairle le chéile. Mar a bheifí ag súil le leannáin ag a bhfuil neart umhlaíochta, níl uathu ach freastal ar na déithe, agus go han-rómánsúil ar fad, is mian leo bás a fháil le chéile ionas nach mbeidh orthu dul go sochraid a chéile. Scéal a insítear go simplí é. Feictear an mhoráltacht i nglacadh an leannáin lena staid umhal agus sa dóigh a mbaineann siad an oiread leasa aisti agus is féidir, agus go háirithe, a thoilteanaí atá siad aíocht "nach bhfuil ar a n-acmhainn" a thabhairt. Tugann na déithe luach saothair dóibh ar son na gcáilíochtaí seo agus báitear a gcomharsana mioscaiseacha. Ba cheart béim a leagan ar sheift Óivid an léitheoir a tharraingt isteach agus é ag cur pointe morálta i láthair.

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10.** **(50 marc)**

## Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) Is amfara é an vása a úsáidtear chun fíon a iompar. **(5, 5.)** **(10 marc)**

(b) Ba é Ergotimos an criadóir agus ba é Keitias an péintéir (glactar le ceachtar ainm) **(5 mharc)**

(c) Tá os cionn 200 fíor ar leithligh sna radhairc ar an bpota seo, ar a dtugtar an Vása Francois. Tarraingítear iad i sé ró, an ceann is ísle ag bun an vása. Is ábhair mhiotaseolaíocha iad agus ina measc tá seilg torc Kalydonios, fir agus mná óga ag damhsa, tar éis iad a tharrtháil ón Míonótár ag Téiséas, rás carbaid tar éis shochraid Phatraclas, déithe ag pósadh Peleus agus Thetis, Aichill agus Troilus, Ajax ag iompar Aichill atá marbh agus Artaimís, an bansealgaire. Tá na fíoracha lán le beocht agus fuinneamh, iad anamúil agus bríomhar mar a bheadh stíl chartúin ann. Ag briseadh suas leibhéil an vása tá roinnt patrún arís is arís de scal ghréine.

**Trí ghné den radharc: (5, 5, 5.) Maisiúchán: 5.** **(20 marc)**

(d) Rinneadh vásaí dubhfhíoracha san Ataic sa 6ú haois R.Ch. den chuid is mó. Phéinteáiltí an pota ar fad le brat cré peiptísithe rud a thug dath dearg dó. Phéinteáiltí na fíoracha dubha ansin mar shnáthchruth dubh le mionobair ghreanta agus dathanna bána agus dearga dorcha mar dhathanna breise ag gabháil leis an dubh. Úsáideadh dath bán do chraiceann mná, féasóga seanfhear agus do ghealáin. Nuair a bhí an maisiú chomh tirim le púdar, bhácáiltí na potaí trí huaire in áith. I gcodarsnacht leis sin, bhain an teicníocht deargfhíoracha níos déanaí leis na fíoracha a fhágáil i ndath dearg na cré agus an cúlra a phéinteáil dubh. D'fhéadfaí na fíoracha a phéinteáil go mion ansin. Tosaíodh ag cur spéise i vásaí deargfhíoracha thart ar 530 R.Ch. san Aithin. Tháinig sé in ionad na teicníochta dubhfhíorach de réir a chéile. D'oir an scuab a d'úsáidtí sa teicníocht deargfhíorach níos fearr do léiriú níos nádúrtha.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(ii)

(a) Bhí tábhacht mhór le Deilfe toisc go raibh sí ar cheann de mhór-thearmainn na Gréige ársa. Sin é an áit a raibh Oracal Apalló, áit ar labhair Pitia, nó an bansagart, briathra dé. Tháinig daoine ó gach cearn de shaol na Gréige chun ómós a thaispeáint i nDeilfe agus le fáil amach cad a bheadh le rá ag Apalló faoin todhchaí.
**Dhá chúis. (5, 5.) (10 marc)**

(b) Tógadh é san Ord Dórach. **(5 mharc)**

(c) Aol na háite atá sna hábhair agus, ar an aghaidh, tá sonra ailtireachta agus dealbhóireachta ar an aghaidh pioctha amach i marmar Pairiach (an sampla is túisce de shonraí marmair in úsáid ar theampall). **Dhá ábhar tógála. (5, 5)**
**(10 marc)**

(d) Ar an gcéad dul síos tógadh an teampall go luath sa 6ú haois chun teacht in ionad ceann níos túisce ná sin a scriosadh i dtine. Tá cruth dronuilleogach air, le cúig cholún déag feadh na dtaobhanna agus sé cinn ag gach ceann. Tá naos air le ró dúbailte colún taobh istigh, pronaos, opisthodomus, rampa agus seomra beag neamhghnách sa naos, a bhíodh in úsáid ag an bPitia b'fhéidir. Tógadh é le síntiúis ó gach gné de shaol na Gréige, (agus bhí teaghlach Alcmaeonid as an Aithin go háirithe flaithiúil agus ba iad a d'íoc as maisiú an teampaill). Tá an gnáthmhullach colúin Dórach ar na colúin – eichne agus abacas. Os a chionn sin tá an imchásáil gan phatrún agus ar a barr tá an taenia, regula agus guttae. Os a gcionn siúd tá triglifí agus meatóip an ghnáthfhríosa Dhóraigh agus ar a mbarr tá an choirnis chothrománach agus ansin an choirnis ar claon. Ar leibhéal an dín tá tulfheistiú bunsileáin timpeall an gháitéir ar fad agus tá acroteria i ngach cúinne ar na peidiméidí.

**Cur síos comhleanúnach. (7, 6, 6, 6.) (25 marc)**

(iii)

(a) Baineann sí le tréimhse na luathré clasaicí, idir 480 agus 450 R.Ch.

**(5 mharc)**

(b) Bhíodh na meatóip suite ar an bhfríos Dórach, gach re leis na triglifí. (Sceitse inghlactha anseo). **(5 mharc)**

(c) San imeacht a thaispeántar ar an meatóp tá Atlas ag filleadh ar ais chun na húlla as Gairdín na Heispirídí a thabhairt d'Earcail atá ag coinneáil suas an spéir dó le cúnamh ó Aitéiné. Tá drogall air ag tabhairt na n-úll ar lámh agus drogall air a ualach a thabhairt ar ais freisin.

**Míniúchán ar róil gach duine den triúr carachtar. (4, 3, 3.) (10 marc)**

(d) Seo radharc ciúin, socair. Tá na fíoracha snoite go galánta le trí mheon éagsúla: Aitéiné lena haghaidh chun tosaigh agus a ceann ard; Earcail cromtha os íseal agus Atlas i gcruth neamhghnách trí cheathrú. Is fíneálta mar a fheictear a gcolainn agus is réadúil. Tá siad trom agus mór agus *peplos* Aitéiné á dtaispeáint i bhfilltí an-simplí, nádúrtha agus tá an léiriú an-sollúnta. Tá an leagan amach simplí ach an-éifeachtach. I measc na sonraí suntasacha tá na filltí san éadach, an cúisín ar ghuaillí Earcail, agus cóir na gruaige.
**Stíl ealaíonta: (8, 7.) Cáilíocht ealaíonta: (8, 7.)** **(30 marc)**

(iv)

(a) Seo é Nicé Samatracae. **(5 mharc)**

(b) Thógtaí dealbha cosúil leis an gceann seo chun comóradh a dhéanamh ar bhua i gcath. **(10 marc)**

(c) Tá roinnt gnéithe a bhaineann leis an dealbh Heilléanaíoch le feiceáil anseo. Ar dtús báire tá cruth na mná an-chumhachtach agus drámata. Tá gluaiseacht agus beocht le brath go láidir ar gnáthrudaí iad i scoil dealbhóireachta Pergamon Heilléanaíche. Cuireann na sciatháin ollmhóra atá sínte amach braistint drámaíochta leis agus tá an éadaitheoireacht ag guairneán go tréan comónta don tréimhse seo freisin.
**Trí phointe. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(d) Níl aon amhras faoi ach go bhfuil sé seo ar cheann de na dealbha is cáiliúla ón saol ársa. Is fíor bheoga é, beo le fuinneamh agus le gluaisne. Tá an Nicé díreach tar éis tuirlingt agus tá an ghaoth ag séideadh a cuid éadaí siar, agus a dea-chumadh le feiceáil fúthu. Tá siad ag déanamh guairneán i bhfilltí fiáine agus beocht agus brí á léiriú go breá. Is álainn an cuntas a thugtar ar an sonra i bhfillteacha an éadaigh agus i gcleití na sciathán. Is samhail caithréime í.
**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

# Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) Deir Cephalus nach bhfuil an ceart ag daoine a deir go bhfuil an tseanaois lán le haiféala agus le heaspa nirt agus pléisiúir. Deir sé gur maith an rud é bheith saor ó "mhothúcháin den sórt seo", nuair nach mbíonn do mhothúcháin chomh tréan agus a bhí agus nach mbíonn tú i do sclábhaí acu a thuilleadh. Deir sé go bhfuil sé éasca an tseanaois a fhulaingt má bhíonn tú ciallmhar ina leith. Deir Cephalus go bhfuil go leor de na seanfhir a mbíonn sé ag caint leo míshásta toisc go mbíonn siad ag tnúthánach le pléisiúir chaillte na hóige – ag luí le duine eile, ag ól, cóisirí. Mothaíonn siad gur chaill siad amach agus creideann siad nach bhfuil saol ar bith acu. Bíonn siad ag gearán freisin nach bhfuil aon ómós ag a dteaghlaigh agus gurb é an port céanna a bhíonn acu i gcónaí faoi ainnise na seanaoise. Mar sin féin, dar le hathair Polemarchus ní ar an seanduine atá an locht, ach ar a gcuid carachtar a cheapfadh gurbh ualach í an óige dóibh freisin. I gcodarsnacht leis sin, tá seanaois síochánta d'fhir aosta atá séimh agus ciallmhar cosúil le Cephalus é féin toisc go bhfuil siad sásta gur fhág siad ansmacht dhlúth-mhianta na colainne ina ndiaidh, ar a ndearna an drámadóir Sofaicléas cur síos mar "ina mháistir fíochmhar ar mire".

**Achoimre chomhleanúnach ar fhreagra Cephalus. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(b) Deimhníonn Cephalus nuair a chaitheann fear smaoineamh ar an mbás, go dtagann imní air nach raibh air roimhe sin. Cuireann scéalta maidir le pionóis sa saol i ndiaidh an bháis as coireanna a rinneadh ar an saol seo faitíos air go bhféadfadh fírinne a beith sna scéalta sin. Agus dá bharr sin, agus é céasta ag amhras agus ag faitíos, déanann sé iarracht cuimhneamh ar cibé an ndearna sé éagóir ar aon duine. Is minic leis an bhfear a dhéanann éagóracha móra dúiseacht i lár na hoíche agus scéin ann agus tá a shaol lán le míshuaimhneas. Ach tá an fear nach eol dó aon éagóir gealgháireach agus dóchasach, compord na seanaoise, dar leis an bhfile Pindar.

Dearbhaíonn Cephalus go bhfuil saibhreas fiúntach go háirithe d'fhir mhaithe chiallmhara mar go gcuidíonn sé leo caimiléireacht neamhbheartaithe nó insint bréag a sheachaint, agus imní faoi fhiacha nach bhfuil íoctha agus faitíos faoi íobairt éigin nár tairgeadh do dhia. Admhaíonn sé nach dtabharfaidh saibhreas seanaoise síocháin intinne do dhrochfhear.

**Cuntas comhleanúnach ar thuairimí Cephalus. (8, 7.) (15 mharc)**

(c) Ní mór tuairim an iarrthóra a chruthú trí thagairt don téacs. Tuairim amháin is ea go bhfuil tuairimí Cephalus maidir le buntáiste an tsaibhris leithleasach agus réamhbheartaithe seachas a bheith neamhleithleasach agus altrúíoch. Cé gur admhaigh sé níos túisce gur mhaith leis oidhreacht a fhágáil ag a chuid leanaí, is cosúil go bhfuil a chuid argóintí an-éadrom nó gur beag eolais atá aige. D'úsáidfeadh sé a shaibhreas chun pian agus fulaingt a sheachaint den chuid is mó trína chinntiú go mbeidh gach fiach glanta, go seachnóidh sé caimiléireacht neamhbheartaithe agus bréaga agus go gceansóidh nó go sásóidh sé na

déithe trí gach íobairt a dhéanamh dóibh. Ar an taobh eile den scéal áfach, d'fhéadfadh iarrthóirí a bheith den tuairim go bhfuil sé sin inghlactha.

**Dhá phointe. (8, 7.)** **(15 mharc)**

(ii)

(a) Úsáideann Sócraitéas samhail na huaimhe chun léiriú a thabhairt ar an Eagnaíocht nó ar aineolas an duine. Iarrann an fealsúnaí ar a chomrádaithe an cás seo a leanas a shamhlú. Tá seomra faoi thalamh le hiontráil oscailte do sholas an lae a ritheann píosa fada faoi thalamh. Sa seomra seo tá fir atá i bpríosún ann ó bhí siad ina ngasúir, a gcosa agus a muineál chomh fáiscthe nach féidir leo ach féachaint díreach chun cinn agus níl siad in ann a gceann a chasadh.
Tá tine ag dó ar a gcúl agus os cionn na bhfear seo. Idir an tine agus na príosúnaigh tá bóthar, agus é ar leibhéal níos airde freisin. Ar aghaidh an bhóthair sin tógadh balla cuirtín íseal, cosúil leis an scáileán a dtaispeánann puipéadóirí a gcuid puipéad os a chionn.
Ar chúl an bhalla cuirtín tá fir ag iompar ar an mbóthar agus tá gach cineál ruda os cionn a gceann acu, ina measc fíoracha d'fhir agus d'ainmhithe déanta as ábhair éagsúla. Tá roinnt de na fir ag caint, níl roinnt eile.
Ní bheadh na príosúnaigh in ann aon rud a fheiceáil díobh féin ná de na príosúnaigh a bhí ina dteannta, seachas a gcuid scáileanna á gcaitheamh ag an tine anuas ar bhalla uaimhe os a gcomhair. Dá bharr sin, dá mbeidís in ann labhairt lena chéile, bheidís ag ceapadh gur fíor-rudaí iad na scáileanna a chonaic siad. Agus má léirigh an balla os a gcomhair fuaim, bheidís ag ceapadh gur leis an scáil a bhí ag dul thart os a gcomhair an glór ó aon duine de na daoine a bhí ag dul an bóthar ar a gcúl. Dá bhrí sin chreidfidís gur fíor-rudaí a bhí i scáileanna na rudaí (a bhí ag bogadh thart os cionn an bhalla cuirtín ar a gcúl).
Dá scaoilfí saor duine de na príosúnaigh sin agus dá gcuirfí iallach air a cheann a chasadh agus féachaint agus siúl i dtreo na tine, bheadh pian air agus bheadh sé ródhall chun na rudaí a mbíodh sé ag féachaint ar a gcuid scáileanna tráth a fheiceáil i gceart anois. Bheadh sé as a bhuile agus bheadh sé ag ceapadh go mbeadh na scáileanna a bhíodh sé a fheiceáil ann i ndáiríre i gcomparáid leis na rudaí a raibh siad mar scáil acu. Dá gcuirfí iallach air ansin féachaint go díreach ar sholas na tine, ghortódh sé a chuid súl agus chasfadh sé siar agus lorgódh sé tearmann sna rudaí a bhí sé in ann a fheiceáil agus bheadh sé ag smaoineamh go raibh siad i bhfad níos soiléire ná na rudaí a bhí á dtaispeáint dó.
Dá dtarraingeofaí an príosúnach saor amach as an seomra faoi thalamh agus amach i solas an lae, bheadh a chuid súl chomh trína chéile ag an solas is nach mbeadh sé in ann ceann amháin de na rudaí a bhíothas a rá leis a bhí fíor anois a fheiceáil i ndáiríre. Bheadh air cleachtadh a fháil ar an solas ar an gcéad dul síos sula mbeadh sé in ann na rudaí taobh amuigh den uaimh a fheiceáil. Ar dtús bhreathnódh sé ar na scáileanna agus ansin ar scáileanna d'fhir agus de rudaí san uisce, agus ansin ar na rudaí iad féin. Bheadh sé níos éasca aige ansin féachaint ar rinn neimhe agus ar an spéir san oíche seachas sa lá, agus féachaint ar sholas na gealaí agus na réalta, seachas ar an nGrian agus ar sholas na gréine. Is é an rud deiridh a bheadh sé in ann a dhéanamh ná go mbeadh sé in ann féachaint go díreach ar an ngrian féin, díreach mar atá sí, gan scáileanna di a úsáid in uisce nó ar aon bhealach eile. Níos déanaí thuigfeadh sé go bhfuil smacht ag an nGrian ar gach rud sa saol infheicthe agus gurbh í an ghrian ba shiocair le gach rud a bhíodh sé féin agus na príosúnaigh eile a fheiceáil ina bpríosún. Bheadh sé ríméadach ansin mar gheall ar chomh

hádhúil is a bheadh sé agus bheadh trua aige dóibh siúd a bheadh fós san uaimh, agus b'fhearr leis rud ar bith ná bheith ina mbróga arís.
Dá mbeadh cead aige filleadh ar a sheansuíochán san uaimh, bheadh sé dall ag an dorchadas, mar gheall go raibh sé díreach tar éis a theacht isteach ó sholas an lae. Agus, dá dtarlódh sé, agus é fós dall, go gcaithfeadh sé idirdhealú a dhéanamh idir na scáileanna difriúla i gcomórtas leis na príosúnaigh eile, dhéanfadh sé amadán de féin. Déarfaidís nárbh fhiú dada an chuairt a thug sé ar an saol thuas agus go raibh a amharc scriosta aige. Agus dá ndéanfadh aon duine iarracht iad a scaoileadh saor agus iad a thabhairt suas chuig an solas, mharóidís é dá mbeidís in ann greim a fháil air.
**Cuntas comhleanúnach ar an tsamhail. (8, 8, 7, 7.) (30 marc)**

(b) Tá Sócraitéas ag moladh go ndéanfadh na príosúnaigh ionadaíocht ar an tsochaí reatha agus déanann taithí an phríosúnaigh a scaoileadh saor cur síos ar thuras nimhneach an fhealsúnaí go dtí an eagnaíocht. Is é an teachtaireacht atá ann ná go gcaithfidh an príosúnach atá ligthe saor filleadh ansin ar an uaimh chun iarracht a dhéanamh a chomhchréatúir a chur ar an eolas faoin bhfírinne, cé nach saibhreoidh sé é ná ní bheidh mórán measa air dá bharr. Tríd an tsamhail seo nascann Sócraitéas an dreapadh suas sa domhan thuas agus an radharc a fhaigheann sé ar na rudaí ansin le dul chun cinn na hintinne isteach sa réim intuigthe. Is é an rud deiridh a thuigfear sa réim intuigthe sin, ach le deacracht mhór, ná foirm absalóideach na Maithe. A luaithe is a fheictear é, meastar gur mar gheall air a tharlaíonn gach rud, idir mhaith agus olc, ag cruthú solais agus foinse solais sa saol infheicthe, agus sa saol intuigthe é mar fhoinse smachtaithe na réadúlachta agus na hintleachta. Creideann an fealsamh go gcaithfidh duine ar bith atá chun gníomh réasúnach a dhéanamh, go poiblí nó go príobháideach, an fhoirm absalóideach sin den Mhaith a mhothú. Ní haon ionadh é, nach mbeidh na daoine sin a théann achar áirithe toilteanach filleadh ar ghnáthchúrsaí an lae agus beidh a n-intinn ag iarracht fanacht i measc rudaí níos mórga.
**Míniú comhleanúnach. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(iii)

(a) Chuir Sócraitéas an milleán ar an tsochaí dhaonlathach as diúltú don fhealsamh. Baineann sé leas as samhail an Chaptaein Mara chun an dóigh nach bhfuil meas ag an tsochaí ar a cuid fealsúna, a chur in iúl. Úsáideann sé samhail an Ainmhí Mhóir Chumhachtaigh freisin chun tionchar na sofaistí ar an tsochaí a cháineadh. Deir sé go bhfuil an fhealsúnacht an-deacair agus go dtógann sé cuid mhór ama agus, dá bhrí sin, nár cheart do dhuine ar bith, seachas daoine eisceachtúla, staidéar a dhéanamh uirthi. Deir sé go bhféadfadh olcas na sochaí fealsúna maithe a thruailliú fiú – dathúlacht, airgead, clú an phobail agus tarraingt an ratha mhóir. Maíonn sé go bhfuil drochfhealsúna ann a thugann drochainm don fhealsúnacht féin. Tugann sé aird ar leith do na Sofaistí; luann sé go ndeir siad go múineann siad an fhealsúnacht ach nach ndéanann siad amhlaidh ar chor ar bith. Mar sin, tá fíorfhealsúna an-úsáideach, ach tugann siadsan a ligeann orthu go ndéanann siad staidéar uirthi, drochainm dóibh uile.

**Plé, 14; Forbairt, 14; Meastóireacht ghinearálta, 7. (35 marc)**

(b) D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú a fhad is a dhéanann siad tagairt don téacs ina bhfreagra.

**Dhá chúis mínithe. (8, 7.) (15 mharc)**

(iv) Ní gá d'iarrthóirí mionsonraí a thabhairt faoin Ochtú Litir atá gearr agus nach n-insíonn mórán dúinn faoi Phlatón. Tiocfaidh na pointí is ábhartha ón Seachtú Litir ina ndéanann Platón iarracht míniú a thabhairt ar a shlí bheatha agus go háirithe an bhaint a bhí aige le gnóthaí Shioracús. Faighimid amach go raibh sé ag iarraidh freastal ar an Aithin trí bheith rannpháirteach sa saol polaitiúil agus a bheith ag obair do 'riarachán díreach'. Is léir a chuid ionracais nuair a thuigeann sé cé chomh deacair is atá sé a bheith sa saol poiblí agus a bheith ionraic ag an am céanna. Mar gheall ar an gcion a bhí aige ar Sócraitéas tharraing sé siar go hiomlán ó pholaitíocht na hAithne. Is léir a dhílseacht dá chaide ar feadh a chuid eachtraí Sicileacha atá spreagtha den chuid is mó de bharr é a bheith mór le Díón. Is rí-léir dó freisin nár chóir d'fhealsamh a bheith díreach ag caint ach go bhfuil sé de dhualgas air freisin iarracht an rud a chreideann sé a bheith ceart a chleachtadh. Taispeánann sé misneach freisin le linn a chuid cuairteanna ar Shioracús agus castar an tíoránach Dinísias I air, agus Dinísias II atá thar a bheith contúirteach agus taghdach. D'fhéadfadh iarrthóirí díriú freisin ar a thiomantas do riail an dlí, an chiall atá aige maidir le freasúra gan mhaith, an chaoi a ndiúltaíonn sé do chomhéigean agus an meas atá aige ar an gceartas

**Plé, 20; Forbairt, 20; Meastóireacht iomlán, 10. (50 marc)**

# Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) is é **aa** an decumanus; is é **b** an fóram; is é **c** an bhaisleac; is é **f** an t-amfaitéatar agus is é **g** an díog timpeall air. **(3, 3, 3, 3, 3.)**
**(15 mharc)**

(b) Ba ghnáthfhóram den chineál a bhí i mBreatain na Róimhe an fóram ag Caerwent. Bhí sé leathan seachas fada agus bhí áirse ag an mbealach isteach os comhair na baislice a bhí ag síneadh feadh leithead an fhóraim. Bhí áit mhargaidh oscailte ann ina raibh siopaí agus póirseáidí faoi dhíon ar thrí thaobh, agus an bhaisleac ar an gceathrú taobh. Bhí scrín ar an taobh thiar de. Is iad seo a leanas na gnéithe a fhágann go bhfuil sé difriúil ó ghnáthfhóram na Meánmhara: tá cruth leathan cearnógach air seachas dronuilleog fhada; téitear isteach ann ón taobh fada trí áirse faoi dhíon agus tá na foirgnimh timpeall air simplí agus tá díon

orthu, seachas colúnra a bheith timpeall air; tógann an bhaisleac suas cúl an fhóraim go léir. I measc na ndea-samplaí codarsnachta ón Iodáil tá fóram Poimpé nó fóram Ostia.

**Cur síos. (6, 6, 6.) Difríocht. (7.) (25 marc)**

(c) Is éard atá á rá ag Wheeler nuair a deir sé é sin ná cé go mb'fhéidir go raibh *colonia* nó coilíneacht ag Caerwent, nár bunaíodh é go príomha mar bhaile míleata. Bhí daingean teorann in aice láimhe ar ar tugadh Caerleon. Bunaíodh Caerwent mar Venta Silurum. Déanann Wheeler cur síos air mar bhaile amuigh faoin tír, lárionad Rómhánaithe áit ar spreagadh muintir na háite i dtreo shaoránacht na Rómhánach. Déanann sé cur síos ar leagan amach an bhaile mar áit ina raibh ord agus eagar agus neamhfhoirmeáltacht. I measc na rudaí a thaitneodh le muintir na háite bheadh na folcadáin agus an t-amfaitéatar mar aon leis na siopaí agus margadh.

**Míniú comhleanúnach. (10 marc)**

(ii)

(a) Is iad Folcadáin Stáibiacha i bPoimpé na folcadáin Rómhánacha marthana is túisce atá déanta as stroighin. Tá díon cruinneachánach ar an linn fhuar (h) agus oscailt chiorclach ann. Taispeántar leis an dearadh fánach agus an easpa siméadrachta go raibh sé luath i bhforbairt na bhfoirgneamh folcadáin. Glaonn Wheeler "plean míshlachtmhar, anabaí" air. Ar an taobh eile den scéal, is léir siméadracht dhea-phleanáilte Fholcadáin Haidrian in Lepcis Magna níos déanaí. Glaonn Wheeler plean "anabaí agus foirmiúil" air sin. Mar gheall ar an úsáid a baineadh as limistéir stua agus as colúnraí chun gnéithe díchosúla a ghreamú le chéile fágann sin gur plean é seo atá ag teacht le chéile go maith agus atá eagraithe go maith. D'fhág an úsáid a baineadh as colúin Chorantacha agus as pábháil mharmair gur foirgneamh an-mhaisithe agus thar a bheith galánta é an foirgneamh seo. Bhí dhá laconica nó seomra allais agus b'fhéidir fiú leabharlann ann. Is leagan níos déanaí agus i bhfad níos forbartha é de na folcadáin i bPoimpé a bhí ann níos túisce agus a forbraíodh ar bhonn trialach.

**Cosúlachtaí agus difríochtaí. (8, 7, 8, 7.) (30 marc)**

(b) I measc na n-áiseanna i ngnáth-fholcadáin Rómhánacha bhí apodyterium (seomra gléasta), piscina (linn snámha faoin spéir), latrina (leithreas poiblí), frigidarium (seomra fuar) le linn snámha, tepidarium (seomra bogthe) le linn snámha, agus caldarium (seomra te) le linn snámha agus uaireanta bhíodh seomra an-te (laconicum) ann le galfholcadán. Bhíodh hipeacóst nó foirnéis ann freisin agus palaestra nó limistéar aclaíochta. Ba sheomraí boghtacha nó cruinneachánacha iad.

**Trí áis ar a laghad luaite. (4, 3, 3.) (10 marc)**

(c) Tógadh na folcadáin an chéad lá riamh chun deis a thabhairt do na boicht a bhí ina gcónaí san *insulae* iad féin a ní gach lá. Ach ba ghearr go raibh gach aicme ag baint leas astu. Ní amháin gurbh áiteanna iad chun an duine a ní, ach b'áit aclaíochta agus shóisialta iad freisin agus áiteanna fiú a ndéantaí gnó. Sna coimpléisc ina raibh leabharlann, músaem nó halla léachtaí bhí duine in ann a intinn a fhorbairt anseo. Mar sin ag na folcadáin bhí na Rómhánaigh in ann idéal Jevenal a léiriú: *mens sana in corpore sano* (intinn fholláin i gcorp folláin).

**Pointe cruthaithe amháin. (10 marc)**

(iii)

(a) Is cosúil de réir dealraimh go bhfuil dhá phearsantacht an-difriúil ag an mbeirt impirí seo. Cuireann Wheeler síos ar Commodus, impire ag deireadh an 2ú haois mar dhuine "mánla agus baineanda". Léirítear é mar Earcail, agus is cinnte go léirítear a bhaois leis sin agus an chaoi ar mhaith leis go bhfeicfí é. Tá a ghruaig agus a fhéasóg cíortha go cúramach agus tá a lámha "maisithe". Cuireann Wheeler síos ar an bportráid mar rud "fíneálta agus lán de bhrí neamhbhalbh". Tá fianaise ar mheascán de naircisíocht agus d'fhoréigean ina chuid tréithe anseo. I gcodarsnacht leis sin, taispeántar Pilib Arabach, impire i lár an 3ú haois idir mhaith is olc agus is léir gur duine an-simplí, ionraic a bhí ann. Bhí droch-chúlra aige agus líomhnaíodh gur mac robálaí a bhí ann. Cuireann Wheeler síos air mar dhuine "imníoch, cleasach agus brabúsaí". Ní chuirtear aon bhaois in iúl sa phortráid seo. Thabharfadh a mhala roic, trom, an bearradh gruaige díreach agus a shrón ba léir a bheith briste le fios go raibh sé ag iarraidh go bhfeicfí é díreach mar a bhí sé agus nár theastaigh aon phlámás uaidh ó aon duine.

**Dhá phointe ar charachtar gach fir. (7, 6, 6, 6.) (25 marc)**

(b) Thar aon ní eile, is é an réalachas is léir sa dá phortráid an ghné Rómhánach atá le feiceáil sna dealbha brád seo. Tugann Wheeler difríocht mhór faoi deara idir portráidí na nGréagach atá cineál ginearálta gan mhothú (idéalaithe) i gcomparáid le mian na Rómhánach an duine a léiriú ar bhealach réadúil sonrach. Deir Wheeler go mb'fhéidir gur eascair an spéis sin i bpearsantacht an duine ó sheantraidisiún ársa na Róimhe maisc mhairbh a dhéanamh agus a choimeád. Ní raibh mórán spéise ag dealbhóirí Rómhánacha i gcineál, seachas sa duine féin agus is léir é sin sa dá phortráid. Léirítear gach fear ar bhealach faoi leith, cuma bheo agus bhríomhar orthu beirt. Tagairtí le déanamh do na gnéithe atá le feiceáil i ngach dealbh brád.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(iv)

(a) Is é Gairdín Livia atá sa phéintéireacht. **(5 mharc)**

(b) Mhaisigh na Rómhánaigh a gcuid tithe le péintéireachtaí cosúil leis seo chun a gcuid seomra a raibh drochsholas iontu a dhéanamh níos gile, chun an chuma a chur air go raibh spás sa seomra agus chun an phlástráil gharbh ar na ballaí a chumhdach. Dearadh péintéireachtaí cosúil leis an gceann seo ionas go mothódh an té a bhí ag breathnú air go raibh sé/sí i dtírdhreach rómánsúil, ba sheachmall radhairc é beagnach chun atmaisféar duilliúir shíochánta a chruthú, go minic i mbaile mór gnóthach.

**Trí fháth. (4, 3, 3.) (10 marc)**

(c) Seo freascó álainn, radharc gairdín ina dtaispeántar crainn, torthaí, bláthanna, agus éin. Is radharc de chlaí treilíse agus ciumhais féir é a bhfuil balla cloiche íseal ar a chúl a tógadh ar bhealach a fhágann go bhfuil cuar ann ar chúl crainn atá sa lá. Bíonn éin ag eitilt thart agus ar fara ar an raidhse tor agus crann beag atá thar maoil le torthaí agus bláthanna agus iad feiceálach in aghaidh na spéire goirme i bhfad ó bhaile. Tugann an cuar sa bhalla ar chúl an chrainn peirspictíocht éigin dúinn mar a dhéanann na dathanna tréigthe glasa agus gorma a chuir an t-ealaíontóir ag obair. Tugtar le fios sa phéintéireacht go raibh spéis mhór ag an bpéintéir sa dúlra.

**Trí phointe cur síos (7, 7, 6.) Cáilíocht ealaíonta. (10) (30 marc)**

(d) Ceann ar bith de: radhairc mhiotaseolaíocha/eipice; portráidí; ábhar neamhbheo; ailtireacht den scoth; radhairc téatair; radhairc as an amfaitéatar.

**Ábhar amháin. (5 mharc)**

Aguisín 1 An Ardteistiméireacht: Léann Clasaiceach – Ardleibhéal

Critéir don mheasúnú ar fhreagraí ar cheisteanna domhanda 50 marc

| | | | Ualú | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| Gabháil | Gabháil don cheist | e.g. Tuiscint ar an gceist, Béim/aghaidh a thabhairt ar an gceist, Aidhm shoiléir, Cáilíocht na smaointe, Ábharthacht an ábhair | 40% | 20 marc |
| Forbairt | A mhéid a fhorbraítear smaointe | e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair thacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas | 40% | 20 marc |
| Meastóireacht Ghinearálta | Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra | e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra | 20% | 10 marc |

Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar

G- ?/20

F- ?/20

MG -?/10

Iomlán-?/50

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 Marc | 20 - 17 | 14 | 11 | 8 | 7-0 |

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 Marc | 10-9 | 7 | 6 | 4 | 3-0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán